GA 2023

20

Tuarascáil speisialta

# Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas

## Tá tionchar praiticiúil ghníomhaíocht an Aontais teoranta

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | **I-IX** |
| **Réamhrá** | **01-17** |
| **Creat beartais an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas** | **08** |
| **Róil agus freagrachtaí** | **09-13** |
| **Cistiú ón Aontas agus cistiú náisiúnta chun tacú le daoine faoi mhíchumas** | **14-17** |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | **18-24** |
| **Barúlacha** | **25-85** |
| **Níl forléargas fónta ag an gCoimisiún ar chás daoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais** | **25-34** |
| **Níl na sainmhínithe agus na critéir maidir le stádas míchumais a dheonú inchomparáide** | **26-29** |
| **Níl staidreamh an Aontais inchomparáide le staidreamh atá bunaithe ar shainmhínithe náisiúnta** | **30-34** |
| **Tá tionscnaimh thábhachtacha cuimsithe i Straitéis 2021-2030, ach tá roinnt saincheisteanna príomha fós gan réiteach** | **35-69** |
| **Le Straitéis 2021-2030, aistrítear prionsabail an Choinbhinsiúin ina gcuspóirí sonracha agus ina ngníomhaíochtaí oibríochtúla** | **37-39** |
| **Tugtar aghaidh i Straitéis 2021-2030 ar fhormhór na n-easnamh a sainaithníodh sa mheastóireacht ar a réamhtheachtaí, ach tá roinnt saincheisteanna príomha fós gan réiteach** | **40-50** |
| **Tá dul chun cinn á dhéanamh ar thionscnaimh shuaitheanta ó Straitéis 2021-2030 a rinneadh iniúchóireacht orthu, ach ní féidir measúnú a dhéanamh ar a dtionchar go fóill** | **51-60** |
| **Dea-shampla a thabhairt: mar fhostóirí, léiríonn institiúidí an Aontais Eorpaigh uaillmhian maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chothú, ach tá na torthaí atá léirithe teoranta** | **61-69** |

**Níl ach líon teoranta sonraí ag an gCoimisiún maidir leis an méid cistithe ón Aontas a leithdháiltear ar bhearta a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas** 70-85

Leis an gcreat faireacháin don dá chlárthréimhse, ní féidir a mheas an gcabhraíonn maoiniú ón Aontas le cás daoine faoi mhíchumas a fheabhsú 71-77

D'fhéadfadh tionchar teoranta a bheith ag an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach agus ag na moltaí ón Seimeastar Eorpach maidir le cistiú do bhearta do dhaoine faoi mhíchumas 78-85

**Conclúidí agus moltaí** 86-94

**Iarscríbhinn**

Tionscnaimh shuaitheanta i Straitéis 2021-2030 agus a stádas

**Giorrúcháin**

**Gluais**

**Freagraí ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

**Tráthchlár**

**An fhoireann iniúchóireachta**

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** Tá míchumas a chuireann teorainn lena ngníomhaíochtaí laethúla féindearbhaithe ag thart ar an gceathrú cuid de shaoránaigh an Aontais atá 16 bliana d'aois agus níos sine. Tá an tAontas agus na Ballstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, á ghealladh go gcothóidís siad rannpháirtíocht chomhionann daoine faoi mhíchumas sa saol laethúil. I bhfianaise an méid sin, tá roinnt straitéisí glactha ag an Aontas a bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas trí thacú leis na Ballstáit, a bhfuil an phríomhfhreagracht orthu as beartais i réimse an chuimsithe shóisialta, na fostaíochta agus an oideachais.

**II** Inár n-iniúchadh, rinneadh measúnú féachaint ar thacaigh gníomhaíochtaí an Choimisiúin go héifeachtúil le daoine faoi mhíchumas sna Ballstáit. Maidir leis na critéir a d'úsáid na Ballstáit chun stádas míchumais a dheonú, scrúdaíomar ar cheadaigh siad aitheantas frithpháirteach san Aontas. Bhreathnaíomar freisin an raibh forléargas fónta ag an gCoimisiún ar chás na ndaoine faoi mhíchumas san Aontas, bunaithe ar staidreamh inchomparáide. Rinneamar measúnú ar dhearadh Straitéis an Aontais maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030. Bhreathnaíomar freisin ar an gcaoi ar thacaigh cúig cinn d'institiúidí an Aontais, mar fhostóirí, le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú ina lucht saothair. Ina theannta sin, rinneamar scrúdú féachaint an raibh cistiú ón Aontas do chlárthréimhsí 2014-2020 agus 2021-2027 dírithe go héifeachtach ar riachtanais daoine faoi mhíchumas agus an ndearnadh faireachán air sin.

**III** Táimid ag súil go gcuirfidh ár n-iniúchadh leis an athbhreithniú meántéarma ar Straitéis 2021-2030 agus ar chistiú do thréimhse 2021-2027. Tá sé molta ag Parlaimint na hEorpa roinnt uaireanta go ndéanfaimid iniúchadh ar an ábhar seo.

**IV** Ba é ár gconclúid go bhfuil tionchar teoranta ag gníomhaíochtaí an Aontais chun tacú le daoine faoi mhíchumas. Ar an iomlán, ní raibh feabhas suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar na príomhtháscairí comhionannais do dhaoine faoi mhíchumas. Fuaireamar amach freisin go raibh na critéir a úsáideadh chun stádas míchumais a dheonú éagsúil ó Bhallstát go Ballstát agus go raibh siad ag brath ar léirmhíniú na n-údarás díláraithe laistigh de na Ballstáit. Ní rabhthas in ann i gcónaí an staidreamh a fuarthas ar an mbonn sin a réiteach le sonraí ar leibhéal an Aontais bunaithe ar shuirbhéanna ina ndearna rannpháirtithe féindearbhú ar a stádas míchumais. Ina theannta sin, shainaithníomar roinnt easnamh i staidreamh an Aontais maidir le cumhdach, minicíocht agus leibhéal mionsonraí (gráinneacht). D'fhéadfadh na difríochtaí sin sna sonraí an bonn a bhaint d'aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais ar fud an Aontais.

**V** Leagtar amach i Straitéis an Aontais maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 cuspóirí agus tosaíochtaí gníomhaíochta an Aontais i roinnt réimsí, amhail inrochtaineacht, cearta na saoránach, cáilíocht saoil, rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealú agus cearta daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Tugtar aghaidh ann ar fhormhór na n-easnamh a sainaithníodh i Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020. Mar sin féin, tá roinnt saincheisteanna lárnacha – a thagann go páirteach, ar a laghad, faoi fhreagracht an Choimisiúin – fós gan réiteach: tá an nasc idir Straitéis 2021-2030 an Aontais fós lag; ní dhearnadh athbhreithniú fós ar reachtaíocht thábhachtach ar fad an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin, agus tá moill ar reachtaíocht ábhartha maidir le cearta daoine faoi mhíchumas.

**VI** Áirítear i Straitéis 2021-2030 tionscnaimh nua atá dírithe ar aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais a fheabhsú (Cárta Míchumais Eorpach) nó ar ráta fostaíochta daoine faoi mhíchumas a mhéadú (Pacáiste Eorpach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas). Le Straitéis 2021-2030, cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún dea-shampla a thabhairt maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas ina lucht saothair a chothú agus iarrtar ar institiúidí an Aontais amhlaidh a dhéanamh. Ní féidir tionchar na dtionscnamh a mheasúnú go fóill, áfach.

**VII** Fuaireamar amach nach raibh creat faireacháin an Choimisiúin ceaptha chun faisnéis a chur ar fáil maidir lena mhéid a chabhraigh cistiú ón Aontas le feabhas a chur ar an gcás do dhaoine faoi mhíchumas le linn clárthréimhsí 2014-2020 agus 2021-2027 araon. Níl catagóir caiteachais i gcláir an bheartais chomhtháthaithe a bhaineann le tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas. Le reachtaíocht 2021-2027 an Aontais, tugadh isteach ceanglais nua maidir leis an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach ar chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh. D'fhéadfadh sé nach mbeadh ach tionchar teoranta acu sin, áfach, i dtaca le feabhas a chur ar an gcaoi a ndírítear cistiú ón Aontas ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.

**VIII** Bunaithe ar na conclúidí sin, molaimid don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sonraí níos inchomparáide a fháil maidir le cás daoine faoi mhíchumas i dtéarmaí cumhdaigh, minicíochta agus gráinneachta mar bhonn amháin chun tionchar agus éifeachtacht bheartas an Aontais a thomhas, arb é is aidhm dó cearta comhionanna a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas;

(b) athbhreithniú a dhéanamh, de réir a chéile, ar reachtaíocht ábhartha an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus bearta iomchuí a dhéanamh chun tacú leis an gComhairle maidir leis an Treoir um Chóir Chomhionann a ghlacadh; agus

(c) oibriú i dtreo aitheantas frithpháirteach a thabhairt do stádas míchumais san Aontas, agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú.

**IX** Ina theannta sin, molaimid d'institiúidí an Aontais tomhas a dhéanamh ar a dul chun cinn atá déanta acu maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú ina lucht saothair agus tuairisc a thabhairt air sin go rialta chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a dtugann siad dea-shampla.

# Réamhrá

**01** I gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas ('an Coinbhinsiún'), a glacadh i mí na Nollag 2006, tá sainiú sách ginearálta ar choincheap an mhíchumais: 'Ar dhaoine atá faoi mhíchumas, áirítear daoine a bhfuil lagú fadtéarmach coirp, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán éifeachtach a bheith acu sa tsochaí ar bhonn comhionannais'[1]. Bainfimid úsáid as an téarma 'daoine faoi mhíchumas' ar fud na tuarascála i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún.

**02** In 2021, léirigh suirbhé Eurostat go ndearna thart ar 25 % de dhaoine d'aois 16 agus níos sine san Aontas féindearbhú ar mhíchumas trom nó míchumas éigin (féach ***Fíor 1***). Is ionann sin agus thart ar 87 milliún duine, lena n-áirítear os cionn 24 mhilliún a mheasann go bhfuil siad faoi mhíchumas tromchúiseach amháin nó níos mó[2]. Ní áirítear i sonraí 2021 daoine faoi mhíchumas a bhfuil cónaí orthu in ionad cúraim (a meastar gurb ionann an líon sin agus níos mó ná 1 mhilliún leanbh agus duine fásta faoi bhun 65 bliana d'aois agus níos mó ná 2 mhilliún duine fásta os cionn 65 bliana d'aois)[3].

**03** Léiríodh sa suirbhé freisin go raibh difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit. Mar shampla, is idir 16.7 % i Málta agus 37.1 % sa Laitvia a bhí teorannuithe féinbhraite seanbhunaithe (féach ***Fíor 1***).


---

[1] Airteagal 1 den **Choinbhinsiún**.

[2] Tuarascáil 'I dtreo cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumais' (**2022/2026(INI)**).

[3] *Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030,* **(COM(2021)101)**.

## Fíor 1 – Teorannuithe féinbhraite seanbhunaithe ar ghnáthghníomhaíochtaí de bharr fadhb shláinte, 2021 (*céatadán*)




*Nóta:* Daonra atá 16 bliana d'aois agus níos sine. Ní áirítear leis sin daoine a bhfuil cnaí orthu in institiúidí cúraim. Baineann na sonraí don tSlóvaic le 2020.


*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

**04** Ós rud é go bhfuil daonra an Aontais ag dul in aois, is dócha go dtiocfaidh méadú ar sciar céatadáin agus ar líon na ndaoine faoi mhíchumas. Sa tuarascáil uaidh in 2020 maidir le hathrú déimeagrafach[4], luaigh an Coimisiún go meastar go dtiocfaidh méadú ar sciar na ndaoine d'aois 65 bliana agus níos sine ó thart ar 20 % in 2019 go 30 % faoi 2070, le méadú faoi thar cionn dá oiread ar sciar na ndaoine d'aois 80 bliana agus níos sine go 13 %. De réir na tuarascála céanna, ós rud é gur fhéindearbhaigh 49 % díobh siúd d'aois 65 bliana nó níos sine go raibh siad faoi mhíchumas nó teorannú gníomhaíochta seanbhunaithe in 2018, beidh méadú ar leitheadúlacht míchumas mar thoradh ar an athrú déimeagrafach sin. Léirítear sna réamh-mheastacháin chéanna go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine a bhféadfadh cúram fadtéarmach a bheith ag teastáil uathu san Aontas ó 30.8 milliún in 2019 go 33.7 milliún in 2030 agus 38.1 milliún in 2050[5], rud a chuirfidh leis an mbrú atá ar chórais chúraim sna Ballstáit (***Fíor 2*** agus ***Fíor 3***).

[4] An Coimisiún Eorpach, ***Tuarascáil maidir le Tionchar an Athraithe Dhéimeagrafaigh***.

[5] An Coiste um Chosaint Shóisialta agus an Coimisiún Eorpach, ***Tuarascáil 2021 maidir le cúram fadtéarmach: Treochtaí, dúshláin agus deiseanna i sochaí atá ag dul in aois***, Iml. 1, 2021.

**Fíor 2 – Daoine a bhfuil teorannuithe féinbhraite seanbhunaithe acu ar ghnáthghníomhaíochtaí de bharr fadhbanna sláinte, de réir inscne agus aoise, 2021 (*céatadán*)**




*Nóta:* Tá aon difríocht sa % iomlán a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar shlánú na bhfigiúirí.

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

**Fíor 3 – Leibhéal deacrachta i gcúram pearsanta nó gníomhaíochtaí tí a dhéanamh, daoine d'aois 65 bliana agus níos sine, 2019 (*céatadán*)**





*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

**05** Tá bacainní suntasacha roimh dhaoine faoi mhíchumas maidir le rochtain a fháil ar oideachas, fostaíocht, cúram sláinte, spórt agus cultúr. Bíonn sé níos deacra dóibh freisin páirt a ghlacadh sa saol polaitiúil agus tá baol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta ann dóibh[6]. Níl aon fheabhas suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar phríomhtháscairí comhionannais ar fud an Aontais, amhail an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas nó an baol bochtaineachta (féach ***Fíor 4*** agus ***Fíor 5***).

**06** Níl ach 50.8 % de dhaoine faoi mhíchumas i mbun fostaíochta, i gcomparáid le 75 % díobh siúd nach bhfuil faoi mhíchumas[7]. Bunaithe ar shuirbhéanna Eurostat, b'ionann an bhearna fostaíochta san Aontas maidir le daoine faoi mhíchumas agus 23.1 pointe céatadáin in 2021, beagnach mar an gcéanna a le nuair a cuireadh tús leis an tomhas in 2014 (22.7). Tá an bhearna níos mó d'fhir ná do mhná. Ar an gcuma chéanna, bhí baol níos mó bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta do dhaoine faoi mhíchumas (29.7 %) ná daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (18.8 %) in 2021. Níl aon athrú suntasach tagtha ar an riosca sin ó 2015 i leith (30.4 % agus 21.1 % faoi seach) agus tá sé níos airde do mhná ná d'fhir.

### Fíor 4 – An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas de réir inscne san Aontas Eorpach, 2014-2021 (pointí céatadáin)





*Nóta:* Daonra idir 15-64 bliana d'aois.

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

[6] **COM(2021) 101**.

[7] **COM(2021) 101**.

### Fíor 5 – Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta de réir leibhéal teorannaithe gníomhaíochta agus inscne san Aontas, 2021 (*céatadán*)




*Nóta:* Daonra d'aois 16 bliana agus níos sine. Tagraíonn an t-iomlán d'fhir agus mná.

*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

**07** Chuir géarchéim COVID-19 leis na bacainní atá roimh dhaoine faoi mhíchumas. De réir staidéir ón bhForas Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)[8], bhí daoine faoi mhíchumas i gcás i bhfad níos measa ó thaobh cúrsaí sóisialta agus airgeadais de le linn na paindéime ná iad siúd nach bhfuil faoi mhíchumas. Cuireadh in iúl sa staidéar freisin gur minic nach ndearnadh freastal ar riachtanais chúraim sláinte daoine faoi mhíchumas (mar gheall ar choinní gan a bheith ar fáil agus mar gheall ar chostas), agus gur fhulaing siad go minic le leithlisiú sóisialta nó gur thuairiscigh siad drochshláinte mheabhrach agus folláine.

## Creat beartais an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas

**08** Tá forbairt tagtha ar chreat beartais an Aontais maidir le daoine faoi mhíchumas le 15 bliana anuas, agus athruithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta á gcur san áireamh ar an gcaoi sin (féach ***Fíor 6***).

[8] Eurofound, ***Daoine faoi mhíchumas agus paindéim COVID-19: Torthaí ón ríomhshuirbhé 'Maireachtáil, Obair agus COVID-19'***, 2022.

### Fíor 6 – Creat beartais an Aontais do dhaoine faoi mhíchumas

**1997**

**Conradh Amstardam**
Na céad forálacha frith-idirdhealaithe

**2007**

**Síníonn AE Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe**
ina leagtar amach caighdeáin íosta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas
**(daingnithe in 2010)**

Tá sé mar aidhm ag **Conradh an Aontais Eorpaigh** agus an **Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** an **t-idirdhealú a chomhrac**, lena n-áirítear idirdhealú ar bhonn míchumais

**2009**

Tagann Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm

**2010**

**Daingníonn AE Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe**
Le Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020, cuirtear an Coinbhinsiún i gcomhthéacs AE

**2015**

Luaitear daoine faoi mhíchumas i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe

**2017**

Áirítear 'cuimsiú daoine faoi mhíchumas' i bpríomhphrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta

**2021**

Glactar Straitéis AE maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030

*Foinse:* Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, bunaithe ar an obair iniúchóireachta.

## Róil agus freagrachtaí

**09** Dar leis an gConradh[9], is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht agus an inniúlacht maidir le beartais i réimse an chuimsithe shóisialta, na fostaíochta agus an oideachais. Ceapann na Ballstáit a mbeartais náisiúnta míchumais i gcomhréir lena gcreat dlíthiúil frith-idirdhealaithe féin agus leis na hoibleagáidí atá orthu an Coinbhinsiún a chur chun feidhme.

**10** I réimse an bheartais shóisialta, is é ról an Aontais tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú nó iad a fhorlíonadh i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Ciallaíonn sé sin nach ngníomhaíonn an tAontas ach amháin nuair nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí a bhaint amach ina n-aonar agus nach ndéanann sé níos mó ná an méid is gá chun cuspóirí Conarthaí an Aontais a bhaint amach.

**11** Tá an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú sa Choimisiún i gceannas ar bheartas an Aontais Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear na straitéisí a chur ar bun, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu. Is é an t-ardstiúrthóireacht an pointe fócasach do chur chun feidhme an Choinbhinsiúin é, cé go gcuireann stiúrthóireachtaí earnála Straitéis 2021-2030 chun feidhme ina réimsí beartais. Déanann an Coimisiún maoirseacht freisin ar thacaíocht airgeadais ábhartha AE, a chuirtear ar fáil go príomha trí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE)[10] in 2014-2020 agus trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)[11] in 2021-2027, trí chomhaontuithe comhpháirtíochta agus cláir na mBallstát a chaibidliú agus a fhormheas.

**12** Déileálann eintitis éagsúla laistigh den Choimisiún le cúrsaí beartais an Aontais a bhaineann le daoine faoi mhíchumas. Tá an Tascfhórsa Comhionannais comhdhéanta d’ionadaithe ardleibhéil ó gach roinn den Choimisiún agus tuairiscíonn sé don Choimisinéir Comhionannais. Tá sé mar aidhm aige comhionannas do chách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, a phríomhshruthú i ngach beartas ón dearadh go dtí an cur chun feidhme. Cuidíonn an Grúpa Idirsheirbhíse um Míchumas le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar fud ranna uile an Choimisiúin agus cinntíonn an tArdán Eorpach um Míchumas comhordú idir an Coimisiún, na Ballstáit agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta.

---

[9] Airteagail 4-6 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

[10] **Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013**.


[11] **Rialachán (AE) 2021/1057**.

**13** Tá freagrachtaí sonracha ar dhá ghníomhaireacht de chuid an Aontais freisin maidir le daoine faoi mhíchumas. Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) saineolas ar fáil maidir le cearta bunúsacha. Cuireann Eurofound saineolas ar fáil maidir le rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus a gcaighdeán do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil galair ainsealacha orthu, go háirithe i ndáil le fostaíocht.

## Cistiú ón Aontas agus cistiú náisiúnta chun tacú le daoine faoi mhíchumas

**14** Is sciar suntasach é an caiteachas i réimse an bheartais shóisialta de bhuiséid na mBallstát. De réir Eurostat, is ionann an meánchaiteachas náisiúnta ar an mbeartas sóisialta i gcuntais an Aontais agus 22 % den OTI, agus leithdháiltear thart ar an deichiú cuid de (2.2 % de OTI) ar 'míchumas'. Tá an céatadán sa chatagóir caiteachais seo sa raon ó 0.6 % i Málta go 5 % sa Danmhairg (féach ***Fíor 7***).

**Fíor 7 – Caiteachas an rialtais ar shochair chosanta sóisialta ('míchumas'), 2020 (*céatadán den OTI*)**




*Foinse:* An Coimisiún Eorpach.

**15** Is féidir le cistiú ón Aontas comhlánú a dhéanamh ar chlúdaigh bhuiséadacha náisiúnta ar leibhéil éagsúla. Cuirtear sraith amháin de CSE+[12], príomhionstraim an Aontais chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine don chlárthréimhse 2021-2027, chun feidhme i modh bainistíochta comhroinnte i gcomhar leis na Ballstáit. Leanann CSE+ le clár CSE do na blianta 2014-2020[13] ar cuireadh leis le CRII[14]/CRII+[15] agus REACT-EU[16] mar fhreagairt ar COVID-19.

**16** Leis an gcistiú don tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte, ar gá 25 % de a leithdháileadh ar bhearta cuimsithe sóisialta, is féidir tacú le raon leathan gníomhaíochtaí a rachaidh chun sochair daoine faoi mhíchumas sna Ballstáit. Go háirithe, áirítear i rialachán CSE+ na cuspóirí sonracha maidir le cuimsiú gníomhach a chothú d'fhonn comhionannas deiseanna, neamh-idirdhealú agus rannpháirtíocht ghníomhach daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i ngach réimse den saol, chomh maith lena n-infhostaitheacht a fheabhsú[17].

**17** Ina theannta sin, is féidir tacú le bearta a bhaineann le daoine faoi mhíchumas i gclárthréimhse 2021-2027 trí raon foinsí cistiúcháin eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) an Ciste Comhtháthaithe[18]; an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)[19], a seoladh mar fhreagairt ar COVID-19; Erasmus+[20]; an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach[21] agus an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV)[22].

---

[12] **Rialachán (AE) 2021/1057**.

[13] **Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013**.

[14] **Rialachán (AE) 2020/460**.

[15] **Rialachán (AE) 2020/558**.

[16] **Rialachán (AE) 2020/2221**.

[17] Airteagal 4 de **Rialachán (AE) 2021/1057**.

[18] **Rialachán (AE) 2021/1058**.

[19] **Rialachán (AE) 2021/241**.

[20] **Rialachán (AE) 2021/817**.

[21] **Rialachán (AE) 2021/888**.

[22] **Rialachán (AE) 2021/692**.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**18** Inár n-iniúchadh, rinneadh measúnú féachaint an ndearna an Coimisiún gníomhaíocht éifeachtach chun tacú le daoine faoi mhíchumas sna Ballstáit. D'fhéachamar ar an méid seo a leanas:

- ar ceadaíodh aitheantas frithpháirteach leis na critéir a úsáideann na Ballstáit chun stádas míchumais a dheonú agus – ós rud é go bhféadfadh sonraí staidrimh na mBallstát a bheith bunaithe ar stádas míchumais – ar chuir na sonraí sin, mar aon le staidreamh ar leibhéal an Aontais, ar chumas an Choimisiúin forléargas fónta a fháil ar chás daoine faoi mhíchumas san Aontas, bunaithe ar fhaisnéis inchomparáide;

- an raibh Straitéis an Aontais maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 ceaptha mar is ceart ag an gCoimisiún, agus na heasnaimh a sainaithníodh sa Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 á gcur san áireamh, agus ar leagadh amach cuspóirí soiléire i Straitéis 2021-2030 agus ar sainaithníodh bearta chun iad a bhaint amach;

- maidir leis an gcistiú atá ar fáil ón Aontas, lena n-áirítear bearta tacaíochta sealadacha do thréimhse 2014-2020 (CRII[23]/CRII+[24] agus REACT-EU[25]), agus ceanglais dhlíthiúla nua do chlárthréimhse 2021-2027, an raibh sé spriocdhírithe go héifeachtach ar riachtanais daoine faoi mhíchumas, agus ar sainaithníodh an cistiú sin, agus an ndearnadh faireachán air, chun measúnú a dhéanamh ar a rannchuidiú le feabhas a chur ar a saol.

**19** Ba é an Coimisiún an príomh-iniúchaí, go háirithe an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú. Rinneamar anailís bunaithe ar fhaisnéis, sonraí, doiciméid agus staidéir atá ar fáil sa Choimisiún. Chuamar i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha eile freisin (Eurofound, FRA agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar leibhéal an Aontais).

**20** Fuaireamar léargais bhreise ó chuairteanna iniúchóireachta a rinneadh i gceithre Bhallstát: An Spáinn, an Ísiltír, an Rómáin agus an tSualainn. Bhí ár rogha bunaithe ar an líon rannpháirtithe a tuairiscíodh a fhaigheann tacaíocht ó CSE atá faoi mhíchumas

[23] **Rialachán (AE) 2020/460**.

[24] **Rialachán (AE) 2020/558**.

[25] **Rialachán (AE) 2020/2221**.

agus an cistiú iomlán CSE a leithdháileadh. I ngach ceann de na tíortha sin, chuireamar agallamh ar na húdaráis ábhartha, ar bhrateagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna daoine faoi mhíchumas agus comhlachtaí ábhartha eile amhail ombudsmain nó gníomhaireachtaí rialtais a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna a bhaineann le daoine faoi mhíchumas. Phléamar na saincheisteanna uile a áirítear sna trí réimse scóip na hiniúchóireachta.

**21** I bhfianaise gur iarr an Coimisiún ar institiúidí an Aontais dea-shampla a thabhairt a mhéid a bhaineann le daoine faoi mhíchumas a fhostú, chuireamar Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh san áireamh i scóip na hiniúchóireachta agus rinneamar athbhreithniú ar a gcleachtais i ndáil leis sin.

**22** Sheolamar suirbhé do gach ceann d’institiúidí an Aontais chun faisnéis a bhailiú maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú. Sa suirbhé, fiosraíodh staidreamh fostaíochta foirne agus foinsí sonraí, socruithe eagraíochtúla, na céimeanna a glacadh agus pleananna gníomhaíochta maidir le cuimsiú chomh maith le hinrochtaineacht a dtimpeallachta tógtha agus digití. Tá an fhaisnéis chéanna curtha san áireamh againn do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ionas gur féidir comparáid a dhéanamh idir institiúidí uile an Aontais faoi réir na rialachán foirne céanna[26].

**23** Chinneamar an t-iniúchadh a dhéanamh toisc go bhfuil sé an-ábhartha do go leor saoránach den Aontas. Tá sé curtha in iúl arís agus arís eile ag Parlaimint na hEorpa go bhfuil spéis aici san ábhar seo. Le huainíocht na tuarascála, beifear in ann é a chur san áireamh sna hathbhreithnithe meántéarma ar Straitéis 2021-2030 agus cistiú CSE+ in 2024 agus 2026 faoi seach.

**24** Díríodh san iniúchadh ar chlárthréimhse 2014-2020 agus ar chlárthréimhse 2021-2027 araon (go dtí deireadh 2022).

---

[26] **Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA)**.

# Barúlacha

## Níl forléargas fónta ag an gCoimisiún ar chás daoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais

**25** Rinneamar measúnú féachaint an raibh forléargas fónta ag an gCoimisiún ar chás daoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais. Chuige sin, rinneamar measúnú féachaint an raibh sonraí staidrimh ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais inchomparáide agus an gceadaítear aitheantas frithpháirteach leis na critéir a d'úsáid na Ballstáit chun stádas míchumais a dheonú.

### Níl na sainmhínithe agus na critéir maidir le stádas míchumais a dheonú inchomparáide

**26** Tá gach ceann de na 27 mBallstát ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún, ina ndéantar cur síos ar choincheap foriomlán an mhíchumais. Mar sin féin, ní hionann na sainmhínithe ar mhíchumas agus na modhanna chun stádas míchumais a mheas sna Ballstáit éagsúla[27]. Tá difríochtaí suntasacha ann freisin maidir leis na sochair shóisialta a thairgtear do dhaoine faoi mhíchumas agus maidir le méid na sochar sin.

**27** I ***dTábla 1*** tugtar forléargas maidir leis na ceithre Bhallstát ar thugamar cuairt orthu. Glacann an Rómáin agus an Spáinn cur chuige maidir le meastóireacht agus cinneadh a dhéanamh ar stádas míchumais atá bunaithe den chuid is mó ar mheasúnú leighis, agus san Ísiltír agus sa tSualainn, tá an measúnú ar riachtanais maidir le tacaíocht a dheonú bunaithe ar an éileamh atá curtha isteach ag an duine.

---

[27] Parlaimint na hEorpa, ***Measúnú ar mhíchumas, aitheantas frithpháirteach agus Cárta Míchumais an Aontais Eorpaigh***, Samhain 2022. An Coimisiún Eorpach, ***Staidéar ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí maidir le Cárta Míchumais an Aontais Eorpaigh agus na tairbhí a bhaineann leis***, Tuarascáil deiridh, 2021.

**Tábla 1 – Míchumas a shainmhíniú agus a chinneadh sna ceithre Bhallstát ar tugadh cuairt orthu**

| Ballstát | Sainmhíniú | Próiseas meastóireachta stádas míchumais |
|---|---|---|
| An Spáinn | Lagú fisiceach, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar dóigh dóibh bac a chur ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn cothrom le daoine eile | Tá an mheastóireacht bunaithe ar chur chuige ildisciplíneach lena n-áirítear meastóireacht ar mhíchumas leighis, síceolaíoch agus gairme agus is é 33 % an uasteorainn ar stádas deimhnithe míchumais. |
| An Ísiltír | Aon lagú a chuireann cosc nó srian ar rochtain iomlán ar an tsochaí le deiseanna comhionanna | Déantar stádas a mheas de réir riachtanais aonair ó thaobh tacaíochta i réimsí éagsúla an tsaoil |
| An Rómáin | Neamhábaltacht tabhairt faoi ghníomhaíochtaí laethúla faoi ghnáthchúinsí | Ceithre chéim mhíchumais* lena gcinntear na sochair a dheonaítear, bunaithe den chuid is mó ar mheasúnú leighis |
| An tSualainn | Lagú feidhme ar chumas fisiceach, meabhrach nó intleachtúil | Déantar stádas a mheas de réir riachtanais aonair i dtéarmaí tacaíochta, agus braitheann sé ar riocht fisiciúil agus/nó síceolaíoch an duine |

* Tá an córas seo á athchóiriú agus á nuachóiriú ag an Rómáin.

*Foinse:* Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, bunaithe ar an obair iniúchóireachta.

**28** I dtrí cinn de na ceithre Bhallstát ar thugamar cuairt orthu, fuaireamar difríochtaí sa chaoi a ndéantar stádas míchumais a chinneadh laistigh den Bhallstát, agus mar in d’fhéadfadh difríocht a bheith ann idir na sochair a dheonaítear idir réigiúin agus bardais. Sa Rómáin cuirtear an beartas chun feidhme go lárnach (féach ***Bosca 1***).

**Bosca 1**

**Bíonn éagsúlacht ann maidir le tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas ag brath ar an áit a bhfuil an duine ina chónaí laistigh de thír**

San **Ísiltír** agus sa **tSualainn**, is ar bhardais agus réigiúin/forálacha atá an phríomhfhreagracht as tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun feidhme agus a mhaoiniú. Is faoi na bardais atá sé leibhéal míchumais duine a mheas i dtaca leis an timpeallacht. Má chinneann duine atá ina chónaí i mbardas amháin bogadh go ceann eile, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh an athuair ar mheasúnú míchumais agus aon trealamh tacaíochta a fuarthas a thabhairt ar ais sula mbogann siad. Ní gá go gcuirfí an staid roimhe sin san áireamh sa mheasúnú nua. D'fhéadfadh sé go bhfaigheadh an duine seirbhísí tacaíochta agus trealamh difriúla bunaithe ar mheasúnú an bhardais nua, fiú mura bhfuil aon athrú ar a mhíchumas. Tugaimid ar aire, áfach, go ndearnadh roinnt oibre comhordúcháin le déanaí idir na bardais, go háirithe san Ísiltír, chun an próiseas chun bogadh go bardas eile a éascú do dhaoine faoi mhíchumas.

Sa **Spáinn**, ráthaítear leis an Dlí Ginearálta náisiúnta maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas agus lena gCuimsiú Sóisialta an ceart chun deiseanna comhionanna agus cóir chomhionann, chomh maith le feidhmiú ceart iarbhír agus éifeachtach ag daoine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le saoránaigh eile. Ar an taobh eile, is inniúlacht iad cúnamh agus seirbhísí sóisialta an atá ag na pobail fhéinrialaitheacha amháin (riarachán réigiúnach). Ós rud é go bhfuil reachtaíocht agus rialacha sonracha réigiúnacha eisithe ag na Ballstáit sin sa bhreis ar an Dlí Ginearálta, tá éagsúlacht sa leibhéal tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas ar fud na tíre. Ciallaíonn sé sin go mbíonn difríocht idir sochair mhíchumais agus seirbhísí tacaíochta ag brath ar an bpobal féinrialaitheach ina gcónaíonn an duine.

*Foinse:* Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, bunaithe ar an obair iniúchóireachta.

**29** Thairis sin, ní aithníonn na Ballstáit go huathoibríoch stádas míchumais a bhronntar i mBallstát eile[28]. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé nach gcaithfí le daoine faoi mhíchumas a thugann cuairt ar Bhallstát eile nó atá ag bogadh le haghaidh oibre, le haghaidh staidéir nó le haghaidh cúiseanna eile ar bhealach comhionann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin i gcás comhchosúil nó i gcás comhionann fiú. Mar shampla, toisc go bhféadfadh sé nach n-aithneodh údaráis Ballstáit eile a stádas míchumais go huathoibríoch, d'fhéadfadh sé nach mbainfidís tairbhe as rochtain chomhionann ar sheirbhísí (amhail táillí laghdaithe do mhúsaeim nó d'iompar). Ciallaíonn sé sin freisin

[28] Parlaimint na hEorpa, ***Measúnú ar mhíchumas, aitheantas frithpháirteach agus Cárta Míchumais an Aontais Eorpaigh***, Samhain 2022. An Coimisiún Eorpach, ***Staidéar ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí maidir le Cárta Míchumais an Aontais Eorpaigh agus na tairbhí a bhaineann leis***, Tuarascáil deiridh, 2021.

go bhféadfadh bacainní sonracha a bheith roimh dhaoine faoi mhíchumas maidir lena gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú.

## Níl staidreamh an Aontais inchomparáide le staidreamh atá bunaithe ar shainmhínithe náisiúnta

**30** Soláthraíonn Eurostat sonraí a bhaineann le roinnt príomhréimsí, e.g. líon na ndaoine faoi mhíchumas, an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas agus an baol bochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas. Fuaireamar amach nár tháinig feabhas suntasach ar na príomhtháscairí comhionannais sin ar fud an Aontais le blianta beaga anuas (féach míreanna ***02***, ***05*** agus ***06***).

**31** Tiomsaítear sonraí Eurostat trí roinnt suirbhéanna rialta bunaithe ar fhéindearbhuithe. D'aithníomar roinnt easnamh maidir le bailiú na sonraí sin:

- clúdach: ní chlúdaíonn an mhodheolaíocht le haghaidh suirbhéanna Eurostat ach daoine atá 15 bhliain d'aois agus níos sine nó 16 bhliain d'aois agus níos sine (ag brath ar an suirbhé) a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh phríobháideacha, agus mar sin eisiatar daoine a bhfuil cónaí orthu in institiúidí cúraim agus páistí faoi 15 nó 16 bliana d'aois. Níor tosaíodh ar shonraí a bhailiú maidir le leanaí faoi mhíchumas go dtí 2021 agus tá na sonraí á bpróiseáil (tar éis suirbhé píolótach a rinneadh in 2017);

- gráinneacht: ní dhéantar idirdhealú sna sonraí ach idir míchumas 'éigin' agus míchumas 'trom', gan aon mhiondealú breise de réir chineál an mhíchumais (intleachtúil, fisiceach, céadfach agus meabhrach);

- minicíocht: ní hionann minicíocht na suirbhéanna a chlúdaíonn daoine faoi mhíchumas: mar shampla, déantar an Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála (SILC) ar bhonn bliantúil, agus ní dhearnadh an Suirbhé Eorpach um Agallaimh Sláinte (EHIS) ach gach cúig bliana go dtí 2019 agus gach sé bliana ó shin. Thairis sin, a mhéid a bhaineann le SILC, tá tréimhsiúlacht éagsúil i gceist le modúil ar leith den suirbhé (trí agus sé bliana, ag brath ar an ábhar).

**32** Ní féidir i gcónaí na sonraí a bhailíonn Eurostat trína shuirbhéanna éagsúla a réiteach leis na sonraí sonracha, a bhaineann le sochair shóisialta go príomha, arna dtiomsú ag na Ballstáit nó ag a réigiúin ó fhoinsí éagsúla nó ó nósanna imeachta riaracháin éagsúla. Tá tionchar ag an easpa critéar inchomparáide ar infhaighteacht agus ar inchomparáideacht sonraí a bhaineann le daoine faoi mhíchumas i measc na mBallstát.

**33** Chuir eagraíochtaí Eorpacha a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas in iúl freisin go raibh easpa sonraí fónta inchomparáide ann. Luaigh an Fóram Eorpach um Míchumas (EDF)[29] nach féidir ach meastachán a thabhairt ar líon na ndaoine atá faoi mhíchumas san Aontas ós rud é go bhfuil easpa sonraí daonáirimh imdhealaithe agus comparáideacha ann. Leag EDF agus Aontas Eorpach na mBodhar (EUD) araon béim ar an ngá atá le sonraí ardcháilíochta maidir le daoine faoi mhíchumas[30]. Ar an gcaoi chéanna, moladh i dtuarascáil ó na Náisiúin Aontaithe maidir le míchumas[31] sonraí a bhailiú i roinnt réimsí, e.g. bochtaineacht, oideachas nó rochtain ar shaoráidí sláinteachais, agus iad a imdhealú de réir an chineáil míchumais, aoise agus gnéis.

**34** Gheall an Coimisiún tacar táscairí a fhorbairt chun dul chun cinn chás na ndaoine atá faoi mhíchumas a thomhas ar fud an Aontais, trí úsáid a bhaint as sonraí staidrimh atá ann cheana. Is é is aidhm do na táscairí sin, atá beartaithe a bheith réidh faoi dheireadh 2023, ná cás na ndaoine faoi mhíchumas a thomhas i réimsí éagsúla den saol: fostaíocht, oideachas, cosaint shóisialta, dálaí maireachtála, sláinte agus réimsí eile[32]. Idir an dá linn, úsáideann an Coimisiún staidéir agus meastóireachtaí *ad hoc* arna ndéanamh ag comhlachtaí eile, amhail FRA nó Eurofound.

## Tá tionscnaimh thábhachtacha cuimsithe i Straitéis 2021-2030, ach tá roinnt saincheisteanna príomha fós gan réiteach

**35** Rinneamar measúnú féachaint an ndearnadh tosaíochtaí agus cuspóirí sonracha a shainiú i Straitéis an Choimisiúin maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 (Straitéis 2021-2030), an ndearnadh torthaí mheastóireacht an Choimisiúin ar an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 (Straitéis 2010-2020) a chur san áireamh agus ar sainaithníodh gníomhaíochtaí agus amlíne an Aontais a thacaíonn leo. Rinneamar anailís freisin ar shampla de thionscnaimh shuaitheanta ó Straitéis 2021-2030 a bhí i gcomhréir le scóip na hiniúchóireachta agus a bhí curtha i gcrích nó beartaithe a bheith curtha i gcrích faoi dheireadh 2023.

---

[29] **https://www.edf-feph.org/newsroom-news-how-many-persons-disabilities-live-eu/**

[30] Aiseolas EUD do na comhairliúcháin phoiblí maidir le **Bailiú sonraí – Staidreamh Eorpach maidir leis an daonra**.

[31] Na Náisiúin Aontaithe, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta, ***Tuarascáil maidir le Míchumas agus Forbairt: Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach ag daoine faoi mhíchumas, do dhaoine faoi mhíchumas agus le daoine faoi mhíchumas, 2018***, 2019.

[32] **COM(2021) 101**.

**36** Rinneamar measúnú féachaint go sonrach ar mhol an Coimisiún aitheantas frithpháirteach do dhaoine faoi mhíchumas ar fud na mBallstát chun cur chun feidhme comhchuibhithe na ngníomhaíochtaí i Straitéis 2021-2030 a áirithiú agus chun saorghluaiseacht daoine faoi mhíchumas san Aontas a éascú. Rinneamar athbhreithniú freisin ar an mbealach a bhfuil sé beartaithe ag institiúidí an Aontais dea-shampla a thabhairt ó thaobh idirghníomhú le daoine faoi mhíchumas.

## Le Straitéis 2021-2030, aistrítear prionsabail an Choinbhinsiúin ina gcuspóirí sonracha agus ina ngníomhaíochtaí oibríochtúla

**37** I Straitéis 2021-2030[33], sainítear cuspóirí agus tosaíochtaí gníomhaíochta an Aontais maidir le daoine faoi mhíchumas ó thaobh inrochtaineachta, cearta shaoránaigh an Aontais, cáilíocht saoil, rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealú agus cur chun cinn chearta daoine faoi mhíchumas ar fud an domhain. Cuireann sé san áireamh éagsúlacht an mhíchumais lena gcuimsítear lagú fadtéarmach fisiceach, meabhrach, intleachtúil nó céadfach. Mar sin féin, ní ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí í Straitéis 2021-2030 *per se,* ach uirlis beartais bhoig a bhraitheann ar ghníomhaíocht chomhordaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon chun í a chur chun feidhme.

**38** Le Straitéis 2021-2030, aistrítear prionsabail an Choinbhinsiúin ina gcuspóirí sonracha agus ina ngníomhaíochtaí oibríochtúla, go sonrach: seacht dtionscnamh shuaitheanta (féach ***Iarscríbhinn***) agus 57 ngníomhaíocht eile, a bhfuil cuid acu cumhdaithe ag ceanglais rialála an Aontais. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin: treoraíocht agus boscaí uirlisí a ullmhú maidir le saincheisteanna sonracha; athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí eile atá ann cheana a bhfuil tionchar acu ar dhaoine faoi mhíchumas; meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na reachtaíochta; staidéir a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna; oibriú i gcomhair leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha agus tacú leo i dtaca le hábhair éagsúla, lena n-áirítear cistí de chuid an Aontais a úsáid; agus gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach Straitéis 2021-2030 trí chreat sonrach agus táscairí míchumais. Do thart ar leath de na gníomhaíochtaí a sainaithníodh, moltar amlíne lena gcur i gcrích i gcreat faireacháin an Choimisiúin. Tá an chuid eile de na gníomhaíochtaí marcáilte mar ghníomhaíochtaí ‘leanúnacha’ nó tá an spriocdháta ‘le cinneadh’[34].

---

[33] **COM(2021) 101**.

[34] **Creat Faireacháin Straitéis 2021-2030**.

**39** Le Straitéis 2021-2030, iarrtar ar na Ballstáit gníomhú i réimsí atá faoina n-inniúlacht chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, i bhfianaise inniúlacht thánaisteach an Aontais (féach mír *09*) má mhainníonn na Ballstáit gníomhú, ní féidir leis an gCoimisiún iad a thabhairt chun cuntais.

## Tugtar aghaidh i Straitéis 2021-2030 ar fhormhór na n-easnamh a sainaithníodh sa mheastóireacht ar a réamhtheachtaí, ach tá roinnt saincheisteanna príomha fós gan réiteach

**40** Le Straitéis 2010-2020, cuireadh cuid d'fhorálacha an Choinbhinsiúin in oiriúint do chomhthéacs an Aontais agus cuireadh gníomhaíochtaí chun cinn chun tacú le daoine faoi mhíchumas in ocht réimse tosaíochta: inrochtaineacht, rannpháirtíocht, comhionannas, fostaíocht, oideachas, cosaint shóisialta, sláinte agus gníomhaíocht sheachtrach[35]. Baineadh de thátal as an meastóireacht[36] a rinne an Coimisiún ar Straitéis 2010-2020 gur rannchuidigh sí go mór le feasacht a mhúscailt maidir le saincheisteanna míchumais, ar leibhéal an Aontais den chuid is mó. De réir na meastóireachta, bhí an méid seo a leanas i gceist le Straitéis 2010-2020:

— chuidigh sé le hathrú i dtreo cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i gcomhréir le prionsabail an Choinbhinsiúin;

— bhí tionchar aige maidir le saincheisteanna míchumais a chuimsiú i reachtaíocht agus i mbeartas na hEorpa, go háirithe i réimsí na hinrochtaineachta agus chearta na bpaisinéirí (mar shampla, **an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht**[37], **an Treoir maidir le hInrochtaineacht Gréasáin**[38] agus an reachtaíocht maidir le cearta paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe[39]);

— chuidigh sé le saincheisteanna míchumais a phríomhshruthú ar leibhéal institiúideach an Aontais trí phrionsabal 17 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[40] agus próiseas an tSeimeastair Eorpaigh a chur chun feidhme;

---

[35] *Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020: Tiomantas Athnuaite Chun go mBeidh an Eoraip Saor ó Bhacainní*, **COM(2010) 636**.

[36] *Meastóireacht ar Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020*, **SWD(2020) 289**.

[37] **Treoir (AE) 2019/882**.

[38] **Treoir (AE) 2016/2102**.

[39] **Rialachán (AE) Uimh. 181/2011** agus **Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010**.

[40] Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Prionsabal 17 – Cuimsiú daoine faoi mhíchumas, **SWD(2017) 201**.

— rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha i gcinnteoireacht an Aontais a fheabhsú.

**41** Sainaithníodh roinnt easnamh sa mheastóireacht freisin. Rinneamar anailís orthu agus chuireamar i gcomparáid iad le dearadh Straitéis nua 2021-2030. Léiríonn ár n-anailís gur thug an Coimisiún aghaidh ar fhormhór na n-easnamh a sainaithníodh nuair a cheap sé Straitéis 2021-2030. Tá roinnt príomheasnamh fós sa straitéis reatha, áfach (féach ***Tábla 2***).

### Tábla 2 — Easnaimh i Straitéis 2010-2020 a sainaithníodh sa mheastóireacht, agus an chaoi ar tugadh aghaidh orthu i Straitéis 2021-2030

| Straitéis 2010-2020: Easnaimh a sainaithníodh | Dearadh Straitéis 2021-2030 |
|---|---|
| Níl sé ailínithe go hiomlán leis an gCoinbhinsiún | I gcomhréir leis an gCoinbhinsiún |
| Feasacht theoranta ar Straitéis 2010-2020 (saoránaigh, lucht ceaptha beartas náisiúnta) agus comhroinnt eolais theoranta | Gníomhaíochtaí múscailte feasachta agus malartuithe taithí atá beartaithe, lena n-áirítear tionscnamh suaitheanta 6 maidir leis an Ardán Míchumais |
| Dul chun cinn teoranta maidir le hinrochtaineacht | Tionscnamh suaitheanta 1 atá beartaithe (lárionad acmhainní AccessibleEU) agus liosta cuimsitheach de ghníomhaíochtaí eile |
| Dul chun cinn teoranta maidir le dí-institiúidiú | Roinn shonrach maidir le dí-institiúidiú le dhá thionscnamh shuaitheanta (3 agus 4) a bhaineann le treoraíocht maidir le maireachtáil neamhspleách agus ‘seirbhísí sóisialta barr feabhais’ |
| Cuimsiú teoranta ceisteanna míchumais sa phróiseas ceaptha beartas | Úsáid an Tascfhórsa um Chomhionannas chun breithnithe míchumais a phríomhshruthú i ngach réimse beartais |
| Níl aon tagairt shonrach ann do mhíchumas dofheicthe ná do mhíchumas intleachta | Roinnt tagairtí teoranta áirithe sa Straitéis, ach ní thugtar aghaidh ar mhíchumais dofheicthe sa roinn maidir le hinrochtaineacht |

| Straitéis 2010-2020: Easnaimh a sainaithníodh | Dearadh Straitéis 2021-2030 |
|---|---|
| Níl sé ceangailteach ó thaobh dlí | Níor tugadh aghaidh ar an easnamh seo |
| Bearna dhlíthiúil sa chosaint ar idirdhealú atá bunaithe ar mhíchumas | Saincheist atá idir lámha faoi láthair, ós rud é go mbraitheann an dul chun cinn ar ghlacadh na reachtaíochta ábhartha |
| Easpa táscairí sonracha chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme | Táscairí á bhforbairt faoi láthair |
| Gan aon nasc idir cistiú ón Aontas agus an Straitéis agus gan aon bhuiséad tiomnaithe do chur chun feidhme na Straitéise | Níor tugadh aghaidh ar an easnamh seo (féach míreanna ***43***-***45***) |
| Gan aon athbhreithniú ar an reachtaíocht ábhartha atá ann cheana | Níor tugadh aghaidh ar an easnamh seo (féach míreanna ***46***-***47***) |
| Níor leor na gníomhaíochtaí fostaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas | Gníomhaíochtaí breise á ndéanamh, lena n-áirítear tionscnamh suaitheanta 5 maidir leis an bPacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas |
| Eolas míchothrom ar shaincheisteanna míchumais ar leibhéal institiúideach an Aontais | Cruinnithe rialta agus malartú tuairimí; ghlac an Coimisiún straitéis Acmhainní Daonna chun éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn |
| Gan aon chreat faireacháin | Foilsíodh Creat faireacháin i mí na Bealtaine 2022 |

*Foinse:* Anailís CIE ar straitéisí 2010-2020 agus 2021-2030, bunaithe ar an Meastóireacht ar Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020, SWD(2020) 289.

**42** Ar an iomlán, cheap an Coimisiún Straitéis 2021-2030 ar bhealach lena dtugtar aghaidh ar fhormhór na n-easnamh a sainaithníodh do Straitéis 2010-2020, ach tá roinnt saincheisteanna príomha fós gan réiteach. Léiríodh san anailís a rinneamar freisin go bhfuil Straitéis 2021-2030 i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus go n-áirítear léi gníomhaíochtaí nua, lena n-áirítear seacht dtionscnamh shuaitheanta. Ní áirítear dáta críochnaithe ach do leath de na gníomhaíochtaí, áfach, rud a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar fhaireachán a dhéanamh ar a gcur chun feidhme iarbhír.

**Tá an nasc idir cuspóirí Straitéis 2021-2030 agus cláir chistiúcháin an Aontais fós lag**

**43** I Straitéis 2021-2030, luaitear roinnt clár cistiúcháin éagsúil de chuid an Aontais is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun tacú leis an gcur chun feidhme le linn clárthréimhse 2021-2027 (féach mír *17*). Áirítear i gcuid de na cláir sin ceanglais a bhaineann le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin, a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht nó easpa idirdhealaithe in aghaidh daoine faoi mhíchumas.

**44** Is amhlaidh atá i gcás CSE+ agus CFRE go háirithe, ach freisin i gcás Erasmus+ agus chlár CERV. I gcás REACT-EU, (tionscnamh lenar cuireadh breisiú ar chláir bheartas comhtháthaithe 2014-2020 suas le deireadh 2022) ní luaitear ach daoine faoi mhíchumas a bhaineann le seirbhísí sóisialta leasa ghinearálta. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, lena gcuirtear cistiú ar fáil do 2021-2026, ní luaitear aon cheanglas den sórt sin ar chor ar bith, ach áirítear ann 'grúpaí faoi mhíbhuntáiste' agus 'daoine leochaileacha' laistigh de raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo.

**45** Ní chuirtear cistiú sonrach ar leataobh i ngach clár cistiúcháin do 2021-2027 de chuid an Aontais a luaitear i Straitéis 2021-2030 chun cuspóirí na straitéise sin a bhaint amach. Tá sé sin sainaitheanta freisin mar easnamh ar Straitéis 2010-2020.

**Go dtí seo, níl athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar reachtaíocht ábhartha uile an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin**

**46** Moladh i mBarúlacha Deiridh 2015 na Náisiún Aontaithe[41] go ndéanfadh an tAontas Eorpach athbhreithniú trasearnálach, cuimsitheach ar a reachtaíocht chun í a chomhchuibhiú go hiomlán leis an gCoinbhinsiún. Luadh freisin an gá atá le hathbhreithniú den sórt sin i dtuairimí an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus an Choiste um Achainíocha i bParlaimint na hEorpa a mhéid a bhaineann le tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa le déanaí[42]. Luaigh CEF, ina scáth-tuarascáil chuig na Náisiúin Aontaithe[43], dhá shampla den reachtaíocht ar gá athbhreithniú a dhéanamh uirthi, agus bhain an dá cheann acu le hiompar[44]. Ní raibh aon athbhreithniú críochnúil ann do dtí seo, áfach, ar reachtaíocht an Aontais chun a áirithiú go bhfuil sé ag luí leis an gCoinbhinsiún.

---

[41] Na Náisiúin Aontaithe, ***Barúlacha deiridh ar thuarascáil tosaigh an Aontais Eorpaigh: An Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas***.

[42] **2022/2026(INI)**.

[43] EDF, ***Tuarascáil mhalartach don dara hathbhreithniú ar an Aontas ag Coiste CRPD***, Feabhra 2022.

[44] **Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006** agus **Rialachán (AE) Uimh. 1300/2014**.

**47** Inár dtuarascáil roimhe seo, shainaithníomar gur dúshlán don Choimisiún é comhairliúchán ar ardchaighdeán a áirithiú[45]. I mí na Samhna 2021, nuashonraigh an Coimisiún a Threoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr[46] agus an bosca uirlisí a ghabhann leo[47] chun comhairliúcháin maidir le gnéithe míchumais a áireamh, go háirithe Uirlis 29 (cearta bunúsacha) agus Uirlis 30 (fostaíocht, dálaí oibre, dáileadh ioncaim, cosaint shóisialta, agus cuimsiú). Leagtar béim sa dá uirlis ar an ngá atá le measúnuithe tionchair a dhéanamh chun tionchair dhiúltacha ar ghrúpaí sonracha amhail daoine faoi mhíchumas a sheachaint.

**Trí mhoill a chur ar dhá shaincheist reachtacha, cuirtear bac ar dhul chun cinn príomhghnéithe i Straitéis 2021-2030**

**48** Aithnítear i Straitéis 2021-2030 go bhfuil bearna i ndlí an Aontais chun cóir chomhionann a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas i réimsí na cosanta sóisialta, an chúraim sláinte, an oideachais agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear tithíocht. Is i réimse na fostaíochta amháin a chuireann an Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta[48] bunús dlí AE ar fáil chun idirdhealú bunaithe ar mhíchumas a chomhrac. Le Straitéis 2021-2030, iarrtar go ginearálta ar na Ballstáit glacadh an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme sna réimsí thuasluaite (an Treoir um Chóir Chomhionann, mar a thugtar uirthi) a éascú. Níl cinnteacht ann go fóill go nglacfaidh an Chomhairle an téacs dlíthiúil atá beartaithe agus níl aon tréimhse ama sonraithe.

**49** Maidir le hinrochtaineacht, ba chéim thábhachtach é glacadh na hIonstraime Eorpaí Inrochtaineachta[49] in 2019 i dtreo rochtain daoine faoi mhíchumas ar tháirgí agus ar sheirbhísí a éascú trí dheireadh a chur leis na bacainní a eascraíonn as rialacha éagsúla sna Ballstáit. Leis an nGníomh, ceanglaíodh ar na Ballstáit é a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 28 Meitheamh 2022. Fuair 24 as na 27 mBallstát litir fhoirmiúil fógartha, áfach, i ndáil le neamhchumarsáid maidir lena mbearta trasuite. Fuair na trí

---

[45] **Athbhreithniú 02/2020:** 'An reachtóireacht san Aontas Eorpach tar éis beagnach 20 bliain de Rialáil Níos Fearr'.

[46] 'Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr', **SWD(2021) 305**.

[47] An Coimisiún Eorpach, ***An Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr***, 2023.

[48] **Treoir 2000/78/CE ón gComhairle**.

[49] **Treoir (AE) 2019/882**.

Bhallstát a thug fógra maidir lena mbearta – an Danmhairg, an Iodáil agus an Eastóin – litir fhoirmiúil fógartha freisin i ndáil le trasuí neamhiomlán[50].

**50** Ós rud é gur réamhchoinníoll í inrochtaineacht táirgí agus seirbhísí le haghaidh rannpháirtíocht sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag aon mhoill ar chur chun feidhme na reachtaíochta seo ar chomhionannas daoine faoi mhíchumas. Thairis sin, luaitear san Ionstraim Inrochtaineachta go bhféadfaidh na Ballstáit féin cinneadh a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann an timpeallacht thógtha na ceanglais inrochtaineachta[51]. De réir EDF[52], ní leor sin chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú maidir le hinrochtaineacht na timpeallachta tógtha do dhaoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais.

### Tá dul chun cinn á dhéanamh ar thionscnaimh shuaitheanta ó Straitéis 2021-2030 a rinneadh iniúchóireacht orthu, ach ní féidir measúnú a dhéanamh ar a dtionchar go fóill

**51** Rinneamar anailís ar thrí thionscnamh shuaitheanta, atá curtha i gcrích cheana nó atá le cur i gcrích faoi dheireadh 2023:

- Tionscnamh suaitheanta 2: a mholadh go dtabharfaí isteach Cárta Míchumais Eorpach a d'aithneofaí i ngach Ballstát (míreanna ***52***-***56***);
- Tionscnamh suaitheanta 5: pacáiste a thíolacadh chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, lena dtacófar leis na Ballstáit na Treoirlínte Fostaíochta a chur chun feidhme tríd an Seimeastar Eorpach (míreanna ***57***-***60***);
- Tionscnamh suaitheanta 7: chun dea-shampla a thabhairt, straitéis athnuaite Acmhainní Daonna de chuid an Choimisiúin a ghlacadh lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun éagsúlacht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn (míreanna ***61***-***69***).

---

[50] An Coimisiún Eorpach, ***Cinntí maidir le Sáruithe***. ***Neamh-thrasuí reachtaíocht an Aontais: Gníomhaíonn an Coimisiún chun trasuí iomlán agus tráthúil threoracha an Aontais a áirithiú***, 20 Iúil 2022.

[51] Airteagal 4(4) de **Threoir (AE) 2019/882**.

[52] EDF, ***Tuarascáil mhalartach don dara hathbhreithniú ar an Aontas ag Coiste CRPD***, Feabhra 2022.

**Leathadh amach an Chárta Eorpaigh Míchumais: braitheann a éifeachtacht ar raon feidhme a chur i bhfeidhm agus ar aitheantas frithpháirteach a thabhairt don stádas míchumais**

**52** Moltar i Straitéis 2021-2030 an Cárta Míchumais Eorpach a thabhairt isteach faoi dheireadh 2023 mar cheann dá thionscnaimh shuaitheanta (féach an ***Iarscríbhinn***). Thairis sin, cuireadh an ghníomhaíocht sin san áireamh i gClár Oibre 2023 an Choimisiúin mar thogra reachtach. Cuireann an tionscnamh le torthaí treoirthionscadail a rinneadh le linn thréimhse 2016-2018 chun tacú le haitheantas frithpháirteach deonach do stádas míchumais in earnálacha na fóillíochta, an chultúir, an spóirt agus an iompair sna hocht mBallstát rannpháirteacha. Tá tionscnamh comhchosúil maidir leis an gCárta Páirceála Eorpach i bhfeidhm go rathúil ó 1998[53].

**53** I mí na Bealtaine 2021, d’fhoilsigh an Coimisiún staidéar[54] inar measadh go raibh cur chun feidhme an treoirthionscadail dearfach ar an iomlán. Mar sin féin, chuir an staidéar roinnt easnamh in iúl freisin, mar shampla:

— bhí rannpháirtíocht na mBallstát agus na soláthraithe seirbhíse deonach;

— bhí an tsaoirse ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu de na ceithre earnáil lena mbainfeadh na sochair, agus níor clúdaíodh ach cultúr agus fóillíocht sna hocht mBallstát uile;

— níor bunaíodh aon chóras faireacháin láraithe le haghaidh úsáid iarbhír cártaí, mar sin bhí an anailís ag brath den chuid is mó ar fhaisnéis a bailíodh ó shuirbhéanna;

— bhí an incháilitheacht don chárta éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, toisc go raibh sé de shaoirse acu a gcritéir féin a leagan síos.

**54** I mí na Samhna 2022, d’fhoilsigh Parlaimint na hEorpa staidéar[55] ina ndéantar cur síos ar an staid reatha maidir le haitheantas frithpháirteach do stádas daoine faoi mhíchumas agus lena n-áirítear roinnt de na hachainíocha ábhartha atá dírithe chuig Parlaimint na hEorpa. Déantar fiosrú ann freisin ar roinnt bealaí a d’fhéadfadh a bheith ann chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an aitheantais fhrithpháirtigh trí

[53] Moladh ón gComhairle maidir le cárta páirceála do dhaoine faoi mhíchumas arna leasú le **Moladh ón gComhairle** an 3 Márta 2008, **98/376/CE**.

[54] An Coimisiún Eorpach, ***Staidéar ina ndéantar measúnú ar chur chun feidhme na gníomhaíochta píolótaí maidir le Cárta Míchumais an Aontais Eorpaigh agus na sochair a bhaineann leis***, Tuarascáil Críochnaitheach, 2021.

[55] Parlaimint na hEorpa, ***Measúnú ar mhíchumas, aitheantas frithpháirteach agus Cárta Míchumais an Aontais Eorpaigh***, Samhain 2022.

chéimeanna amhail croíchaighdeán comhchoiteann a fhorbairt le haghaidh measúnú míchumais (féach míreanna ***26***-***29***).

**55** Tá sé beartaithe go n-ullmhóidh an Coimisiún measúnú tionchair faoi shamhradh 2023 ina ndéanfar cur síos ar na roghanna éagsúla chun an cárta míchumais a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomh dlíthiúil. Bunaithe ar an measúnú sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra reachtach foirmiúil a thíolacadh.

**56** Measaimid gur céim chun cinn é cur chun feidhme an chárta seo i dtreo aitheantas frithpháirteach a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, rud a éascóidh a saorghluaiseacht san Aontas. Beidh a éifeachtacht ag brath ar an raon feidhme a shaineofar, áfach, agus féadfaidh na neamhshiméadrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann sna critéir atá roghnaithe ag na Ballstáit éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar na míchumais dúshlán a thabhairt dó, i bhfianaise a n-inniúlacht sa réimse seo.

**Pacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas: céim sa treo ceart, ach tá sé ró-luath chun na héifeachtaí a fheiceáil**

**57** Tá an bhearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas san Aontas fós ag an leibhéal céanna a bheag nó a mhór ó 2014 i leith, an bhliain inar cuireadh tús leis na tomhais (féach mír ***05***). I mí Mheán Fómhair 2022, sheol an Coimisiún an Pacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas[56], ceann de thionscnaimh shuaitheanta Straitéis 2021-2030, chun an staid sin a leigheas. Luaitear san fhógra gur gá ráta fostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas a mhéadú agus an bhearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a laghdú chun príomhspriocanna an Aontais ó Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. Is iad na príomhspriocanna ábhartha ar leibhéal an Aontais, atá le baint amach faoi 2030, ná laghdú 15 mhilliún ar a laghad ar líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta; 78 % ar a laghad de dhaoine idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith i mbun fostaíochta; agus 60 % ar a laghad de dhaoine fásta a bheith rannpháirteach in oiliúint gach bliain.

[56] Seirbhísí Comhpháirteacha an Choimisiúin – Páipéar ón Ardán Míchumais, ***Pacáiste chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas (Pacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas – 'pacáiste fostaíochta').***

**58** Tá sé réimse gníomhaíochta sa phacáiste atá beartaithe ( a bhfuil táirgí insoláthartha sonracha ag gabháil le ceann de na réimsí sin):

— acmhainneacht na seirbhísí poiblí fostaíochta agus comhtháthaithe a neartú;

— peirspictíochtaí earcaíochta a chur chun cinn trí ghníomhaíocht dhearfach agus trí steiréitíopaí a chomhrac;

— cóiríocht réasúnach a áirithiú chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas ag an obair;

— daoine faoi mhíchumas a choinneáil i bhfostaíocht;

— scéimeanna athshlánúcháin gairme a dhaingniú i gcás breoiteachta nó timpistí; agus

— poist ar ardchaighdeán san fhostaíocht dhídeanach agus bealaí chuig an margadh saothair oscailte a fhiosrú.

**59** Mar sin féin, faoi dheireadh mhí Feabhra 2023, ní raibh ach an tsraith straitéisí maidir le seirbhísí poiblí fostaíochta a neartú chun torthaí daoine faoi mhíchumas i margadh an tsaothair a fheabhsú glactha ag an gCoimisiún. Tá an Coimisiún ag súil go mbeidh táirgí insoláthartha eile réidh le linn 2023. Straitéis 2021-2030, iarrann an freisin Coimisiún ar na Ballstáit spriocanna a leagan síos chun an bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas a laghdú.

**60** Measaimid gur céim sa treo ceart é an Pacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a d’fhéadfadh cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna fostaíochta seasmhach do dhaoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, go dtí go mbainfear amach táirgí insoláthartha eile agus go gcuirfear tús lena gcur i bhfeidhm praiticiúil ina dhiaidh sin, ní féidir measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag an bpacáiste ar an mbearna fostaíochta.

## Dea-shampla a thabhairt: mar fhostóirí, léiríonn institiúidí an Aontais Eorpaigh uaillmhian maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chothú, ach tá na torthaí atá léirithe teoranta

**61** I Straitéis 2021-2030, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil sé tiomanta dea-shampla a thabhairt i ndáil le comhionannas do dhaoine faoi mhíchumas agus d'iarr sé ar institiúidí eile de chuid an Aontais amhlaidh a dhéanamh. Chuige sin, áiríodh ann tionscnamh suaitheanta de straitéis athnuaite maidir le hacmhainní daonna, a glacadh i mí Aibreáin 2022[57].

**62** Is as gach ceann de na 27 mBallstát iad na daoine d'fhoireann institiúidí an Aontais Eorpaigh agus tá na rialacha a bhaineann lena bhfostaíocht faoi réir 'Rialacháin Foirne' oifigigh agus sheirbhísigh shibhialta eile an Aontais[58]. Ina theannta sin, féadfaidh institiúidí an Aontais a gcóras féin a bhunú chun aitheantas a thabhairt do mhíchumas.

**63** D'fhonn faisnéis bhreise a fháil maidir leis na bearta atá á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag cuid d'institiúidí eile an Aontais chun comhionannas daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, d'iarramar ar na hinstitiúidí sin ceistneoir a líonadh amach inar clúdaíodh réimsí éagsúla gníomhaíochta a d'fhéadfaí a dhéanamh (féach mír ***22***).

**64** Bunaithe ar na freagraí a tugadh, tá bearta leanúnacha i bhfeidhm ag institiúidí uile an Aontais a ndearnadh suirbhé orthu chun a áirithiú go bhfuil rochtain ag daoine den phobal agus ag fostaithe faoi mhíchumas ar a bhfoirgnimh. Maidir le foirgnimh nua, chuir na hinstitiúidí inrochtaineacht san áireamh ag céim na pleanála. Tá saincheisteanna inrochtaineachta níos coitianta maidir le foirgnimh níos sine, e.g. foirgnimh sa Bhruiséil a bhí i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha na Beilge tráth a sealbhaithe, ach anois a dteastaíonn níos mó oibre chun caighdeáin an Aontais a bhaint amach. Maidir le hinrochtaineacht dhigiteach, tá bearta á ndéanamh ag gach ceann de na cúig institiúid de chuid an Aontais a ndearnadh suirbhé orthu chun a dtimpeallacht dhigiteach a dhéanamh níos inrochtana trí phleananna gníomhaíochta nó trí roinnt tionscnamh eile.

---

[57] Teachtaireacht chuig an gCoimisiún – Straitéis nua Acmhainní Daonna don Choimisiún, **C(2022) 2229**.

[58] **Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA)**.

**65** Luaigh trí cinn de na cúig institiúid a ndearnadh suirbhé orthu (an Chomhairle, an Coimisiún agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa) go raibh easpa sonraí maidir le fostaithe faoi mhíchumas ar cheann de na constaicí is suntasaí maidir le dálaí maithe oibre a áirithiú don fhoireann. Go háirithe, faoi na rialacha is infheidhme maidir le fostaíocht in institiúidí an Aontais, ní chuirtear na ranna acmhainní daonna ar an eolas faoi mhíchumas fostaithe ach amháin má thugann an fostaí lena mbaineann an fhaisnéis sin dóibh go deonach. Ina theannta sin, tá aon sonraí a chuirtear ar fáil faoi réir rialacha cosanta sonraí.

**66** Fuaireamar amach go raibh institiúidí an Aontais in ann sonraí a bhailiú maidir le líon na n-iarrataí ar chóiríocht réasúnta chun freastal ar dhaoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, ní thugann na hiarrataí sin léargas iomlán ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá ag obair do na hinstitiúidí toisc nach n-éilíonn gach duine faoi mhíchumas cóiríocht réasúnta. D’fhéadfadh sé freisin go n-iarrfar cóiríocht réasúnta le haghaidh fadhbanna sláinte neamhbhuana. Chun an deacracht sin a shárú, bhí suirbhéanna foirne deonacha déanta cheana féin ag dhá cheann de na cúig institiúid a ndearnadh suirbhé orthu (an Chomhairle agus an Coimisiún) agus bhí sé beartaithe ag dhá institiúid eile (an Pharlaimint agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa) é sin a dhéanamh go luath amach anseo. Rinne an Coimisiún suirbhé ar a fhoireann féin in éineacht le foireann na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí, agus fuarthas tuairim is 10 000 freagra (arb ionann é agus ráta freagartha 22 %). I measc na bhfreagróirí, mheas 4.4 % go raibh siad faoi mhíchumas agus dúirt 6.4 % gur thug siad aire do chleithiúnaí faoi mhíchumas[59].

**67** Ar an iomlán, rinne gach institiúid de chuid an Aontais suirbhé ar thart ar 4 000 oiliúnaí in 2022, ach ní fios cé mhéad oiliúnaí a bhí faoi mhíchumas. Léirigh ár n-anailís freisin go raibh clár gníomhaíochta dearfach i bhfeidhm ag trí cinn de na cúig institiúid a ndearnadh suirbhé orthu (bearta atá dírithe ar ghrúpaí sonracha chun na míbhuntáistí atá rompu maidir le dul in iomaíocht le hiarratasóirí eile a íoslaghdú) agus go raibh institiúid eile ag smaoineamh ar chlár den sórt sin a thabhairt isteach (féach ***Tábla 3***). Fuaireamar amach freisin, áfach, go raibh na cláir um ghníomhaíocht dhearfach sin dírithe ar oiliúnaithe den chuid is mó. Féadfaidh oiliúnaithe faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i gcláir oiliúna oscailte. Ní chuireann ach institiúid amháin (an Pharlaimint) clár um ghníomhaíocht dhearfach chun feidhme faoi láthair do bhaill foirne ar conradh.

---

[59] An Coimisiún Eorpach, *Suirbhé ar éagsúlacht, cuimsiú agus meas san ionad oibre, tuarascáil ar na torthaí* (suirbhé a rinneadh i mí an Mhárta 2021).

### Tábla 3 — Cláir um ghníomhaíocht dhearfach agus spriocanna gaolmhara i gcúig institiúid an Aontais

| Institiúid | Oiliúnaithe faoi mhíchumas (in aghaidh na bliana) | Foireann ar conradh faoi mhíchumas |
|---|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | Thart ar 30 (thart ar 15 dhá uair sa bhliain) | In 2022, bhí cistiú ar fáil do sheachtar faoi mhíchumas (earcaíodh seisear) |
| Comhairle an Aontais Eorpaigh | Seisear (trí, dhá uair sa bhliain) | Plean gníomhaíochta á bhreithniú |
| An Coimisiún Eorpach | Níl aon phlean gníomhaíochta i bhfeidhm | Níl aon phlean gníomhaíochta i bhfeidhm |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | Plean gníomhaíochta á bhreithniú | Níl aon phlean gníomhaíochta i bhfeidhm |
| Cúirt Iniúchóirí na hEorpa | Duine amháin ar a laghad in aghaidh na bliana | Níl aon phlean gníomhaíochta i bhfeidhm |

*Foinse:* Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, bunaithe ar an obair iniúchóireachta.

**68** Earcaíonn institiúidí an Aontais Eorpaigh foireann bhuan ar an mbonn gur éirigh leo i gcomórtais a eagraíonn ag an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO). Cuireann EPSO cóiríocht réasúnta ar fáil d’iarrthóirí faoi mhíchumas arna iarraidh sin dóibh, bunaithe ar theastas leighis nó ar thuairim speisialtóra. Cuirtear na hiarrthóirí a éiríonn leo ar phainéil do phoist bhuana. Mar sin féin, ní dhéanann EPSO faireachán féachaint an bhfostaítear iarrthóirí faoi mhíchumas go hiarbhír ag institiúidí an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach cuid de shainordú EPSO í an chéim earcaíochta.

**69** Chuir Coiste Pharlaimint na hEorpa um Rialú Buiséadach ceist ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú, rud a léiríonn an gá atá le tuairisciú[60]. Sa suirbhé, níor chuir institiúidí an Aontais sonraí inchomparáide ar fáil dúinn maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú. Ní chuireann siad a bhfigiúirí inmheánacha i gcomparáid le faisnéis inchomparáide ar leibhéal an Aontais.

---

[60] Mar shampla, ***Urscaoileadh 2021 – Ceistneoir do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh***, Ceist 22.

## Níl ach líon teoranta sonraí ag an gCoimisiún maidir leis an méid cistithe ón Aontas a leithdháiltear ar bhearta a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas

**70** Maidir leis an gcistiú atá ar fáil ón Aontas, lena n-áirítear bearta tacaíochta sealadacha (CRII/CRII+ agus REACT-EU), rinneamar measúnú ar an méid seo a leanas:

— an rabhthas in ann a dhéanamh amach, leis an bhfaireachán, conas a rannchuidíonn cistiú ón Aontas le feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas;

— an bhféadfaí cistiú ón Aontas a shainaithint atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas; agus

— ar rannchuidigh an coinníoll cumasúcháin cothrománach a thagraíonn do chur chun feidhme an Choinbhinsiúin agus mholtaí an tSeimeastair Eorpaigh le díriú níos fearr ar riachtanais daoine faoi mhíchumas.

### Leis an gcreat faireacháin don dá chlárthréimhse, ní féidir a mheas an gcabhraíonn maoiniú ón Aontas le cás daoine faoi mhíchumas a fheabhsú

**71** Níl faisnéis ag an gCoimisiún maidir leis an gcistiú iarbhír a leithdháiltear ar ghníomhaíochtaí sonracha a théann chun sochair daoine faoi mhíchumas toisc nach bhfuil aon chatagóir chomhfhreagrach caiteachais ann. Fuaireamar amach gurbh amhlaidh a bhí i gcás CSE agus bhearta éigeandála an Aontais (CRII/CRII+ agus REACT-EU) araon, agus nach n-athróidh sé do thréimhse chláir 2021-2027.

**72** Le reachtaíocht an Aontais, déantar foráil do chomhtháscaire aschuir a thagraíonn do 'rannpháirtithe atá faoi mhíchumas'[61]. Ní mór do na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar an táscaire seo ar bhonn bliantúil. Do chlárthréimhse 2014-2020, ní raibh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit spriocanna a leagan síos do líon na rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhí beartaithe acu dul i gcion orthu. Ní bheidh oibleagáid orthu é sin a dhéanamh le linn chlárthréimhse 2021-2027 ach oiread.

[61] **Rialachán (AE) Uimh. 1304/2013** agus **Rialachán (AE) 2021/1057**.

**73** Leis an táscaire, is féidir meastachán a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas a thairbhigh ó thacaíocht ón Aontas. Mar sin féin, ní chuireann sé ar chumas an Choimisiúin a shainaithint cé mhéad maoinithe ón Aontas a leithdháileadh ar dhaoine faoi mhíchumas. Níor sonraíodh aon chomhtháscaire toraidh i ndáil leis an spriocghrúpa sin. Dá bhrí sin, ní sholáthróidh an córas faireacháin an fhaisnéis is gá maidir le cé acu a rinne nó nach ndearna na Ballstáit iarrachtaí leordhóthanacha chun dul i gcion ar dhaoine faoi mhíchumas.

**74** I gclárthréimhse 2014-2020, leithdháileadh €100 billiún san iomlán ar na Ballstáit faoi CSE trí chuspóir téamach 8 ('Fostaíocht inbhuanaithe agus ardcháilíochta a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht an lucht saothair'), cuspóir 9 ('Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, bochtaineacht agus aon idirdhealú a chomhrac') agus cuspóir 10 ('Infheistíocht a dhéanamh san oideachas, san oiliúint agus sa ghairmoiliúint le haghaidh scileanna agus foghlama ar feadh an tsaoil'). D'fhéadfaí bearta lena dtacaítear le daoine faoi mhíchumas a mhaoiniú faoi na trí chuspóir théamacha, ach níl aon sonraí sonracha ann maidir le cistiú do bhearta den sórt sin.

**75** Tá tuilleadh eolais ar fáil maidir leis an líon daoine faoi mhíchumas a bhain tairbhe as tacaíocht CSE i gclárthréimhse 2014-2020. De réir an chomhtháscaire aschuir 'rannpháirtithe faoi mhíchumas', chuaigh bearta CSE i gcion ar 3.6 milliún rannpháirtí san iomlán ar fud an Aontais faoi dheireadh 2021[62]. I ***mBosca 2*** tugtar faisnéis níos mionsonraithe do na ceithre Bhallstát ar tugadh cuairt orthu.

---

[62] *Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, Tuarascáil achomair 2022 maidir le tuarascálacha bliantúla cur chun feidhme na gclár lena gclúdaítear cur chun feidhme in 2014-2020*, **COM(2023) 39**.

### Bosca 2

### Samplaí de chláir CSE a bhaineann le daoine faoi mhíchumas sna Ballstáit ar tugadh cuairt orthu (ceann amháin in aghaidh an Bhallstáit)

**An Ísiltír:** cuimsiú gníomhach chun borradh a chur faoi dheiseanna fostaíochta, arb é is aidhm dó cur i gcoinne na dífhostaíochta i measc na hóige agus cur le hinfhostaitheacht d'éinne nach féidir leo rochtain a fháil go héasca ar mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Rannpháirtithe faoi mhíchumas: 225 126.

**An Spáinn:** bealaí lánpháirtithe chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar an margadh fostaíochta, chomh maith le ranníocaíochtaí slándála sóisialta fóirdheonaithe trí ionaid fostaíochta speisialta, agus Rannpháirtithe faoi mhíchumas (clár oibríochtúil 'Cuimsiú Sóisialta'): 421 063.

**An tSualainn:** cuimsiú san oideachas agus i margadh an tsaothair, scileanna agus cáilíochtaí a shealbhú d'éinne nach féidir leo rochtain a fháil go héasca ar an margadh saothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Rannpháirtithe faoi mhíchumas: 50 287.

**An Rómáin:** i measc na mbeart a bhaineann le daoine faoi mhíchumas bhí dí-institiúidiú, soláthar feistí cúnta, oiliúint agus fostaíocht. Rannpháirtithe faoi mhíchumas (clár oibríochtúil 'Caipiteal Daonna'): 13 670.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar an obair iniúchóireachta agus ar an Ardán Sonraí Oscailte **https://cohesiondata.ec.europa.eu/** (amhail i mí Feabhra 2023).

**76** Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 a thosaigh i mí an Mhárta 2020, thug an Coimisiún bearta isteach chun solúbthacht an chistithe a mhéadú (CRII, agus CRII+ ina dhiaidh sin)[63] agus chuir sé suim bhreise de chistiú breisithe ar fáil do chláir 2014-2020 (REACT-EU)[64] trí NextGenerationEU[65]. Tagraítear i dtreoirlínte inmheánacha an Choimisiúin do na Ballstáit maidir le húsáid an chistithe éigeandála do dhaoine faoi mhíchumas i measc samplaí d'idirghabhálacha is féidir a mhaoiniú. Cé go ndearna an phaindéim difear díréireach do dhaoine faoi mhíchumas (féach samplaí i ***mBosca 3***), ní thagraítear dóibh ach mar cheann de na grúpaí leochaileacha/faoi mhíbhuntáiste.

[63] **Rialachán (AE) 2020/460**.

[64] **Rialachán (AE) 2020/2221**.

[65] **Rialachán (AE) 2020/2094**.

## Bosca 3

### Samplaí de na fadhbanna a bhí ag daoine faoi mhíchumas le linn phaindéim COVID-19 sna Ballstáit ar tugadh cuairt orthu

San **Ísiltír**, ba é ba chúis leis an tionchar diúltach ba shuntasaí ar dhaoine faoi mhíchumas ná an cinneadh chun cosc iomlán a chur ar rochtain do chuairteoirí ar thithe agus institiúidí cúraim, agus chun ionaid cúraim lae do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas a dhúnadh síos.

Sa **Spáinn**, chuir an phaindéim srian ar go leor seirbhísí cúnaimh shóisialta, oideachais agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas leanúint ar aghaidh, agus níor cuimhníodh i gcónaí orthu nuair a bhí bearta á bpleanáil chun an phaindéim a chomhrac.

Níor thug an **tSualainn** isteach dianghlasáil ar fud na tíre le linn na paindéime, ach forchuireadh dianghlasáil logánta i gcontaetha agus/nó bardais áirithe. Cuireadh srian uaireannta ar rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte agus ar ghníomhaíochtaí laethúla do dhaoine faoi mhíchumas.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar an obair iniúchóireachta.

**77** Rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar COVID-19 ar dhaoine faoi mhíchumas níos déanaí le linn na paindéime (2021) i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Sa tuarascáil sintéise ón gCoimisiún[66], leagadh béim ar roinnt saincheisteanna:

- líon díréireach básanna i gcomparáid le daoine nach bhfuil faoi mhíchumas, cé nach raibh mórán sonraí imdhealaithe ann maidir le básanna ó COVID-19 i measc daoine faoi mhíchumas;
- leithlisiú agus leithscaradh i measc daoine faoi mhíchumas in institiúidí mar gheall ar shrianta COVID-19, toirmisc ar chuairteanna agus cealú gníomhaíochtaí, agus rinneadh difear freisin do dhaoine faoi mhíchumas a bhí ina gcónaí sa phobal;
- rochtain theoranta ar sheirbhísí sláinte, ar shlánú agus ar athshlánú de bharr go leor seirbhísí 'neamhriachtanacha' a bheith dúnta;
- seirbhísí sóisialta agus tacaíocht a bheith curtha ar fionraí nó teoranta i mórán cásanna; agus

[66] An Coimisiún Eorpach, ***COVID-19 agus daoine faoi mhíchumas san Eoraip — Tionchar na géarchéime a mheas agus bonn a chur faoi na chéad chéimeanna eile a chuimsíonn míchumas***, 2021.

- is dóchúil go raibh dúshláin ar leith ag baint leis an scolaíocht ar líne do leanaí faoi mhíchumas.

## D'fhéadfadh tionchar teoranta a bheith ag an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach agus ag na moltaí ón Seimeastar Eorpach maidir le cistiú do bhearta do dhaoine faoi mhíchumas

### Tá baol ann go mbeidh an tionchar atá ag an gcoinníoll cumasúcháin cothrománach teoranta

**78** Mar is amhlaidh i gclárthréimhse 2014-2020, áirítear i Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC) do chlárthréimhse 2021-2027[67] réamhchoinníollacha nach mór a chomhlíonadh do chláir chómhaoinithe an Aontais. Tugtar coinníollacha cumasúcháin orthu sin agus d'fhéadfaidís a bheith cothrománach (infheidhme maidir le gach cuspóir sonrach) nó téamach. Tagraíonn ceann de na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha (HEC) do chur chun feidhme agus do chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin, lena mbunaítear nasc idir cistiú ábhartha an Aontais agus an Coinbhinsiún.

**79** Ceanglaíonn an HEC sonrach go mbeadh creataí náisiúnta i bhfeidhm ag na Ballstáit chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme, ina mbeidh an méid seo a leanas:

- cuspóirí a bhfuil spriocanna intomhaiste ag gabháil leo, bailiú sonraí agus sásraí faireacháin;
- socruithe chun a áirithiú go dtugtar léiriú ceart ar an mbeartas inrochtaineachta, an reachtaíocht agus na caighdeáin in ullmhú agus i gcur chun feidhme na gclár; agus
- socruithe tuairiscithe don choiste faireacháin maidir le cásanna de neamhchomhlíonadh oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht ó chistí ón Aontas tríd an gCoinbhinsiún agus gearáin maidir leis an gCoinbhinsiún a chuirtear isteach i gcomhréir leis na socruithe a rinneadh de bhun Airteagal 69(7) de RFC.

[67] **Rialachán (AE) 2021/1060**.

**80** Ní mór an HEC sin a chomhlíonadh go comhsheasmhach le linn thréimhse chlár 2021-2027, mura ndéanfar amhlaidh ní aisíocfaidh an Coimisiún an caiteachas a bhaineann leis an gcuspóir sonrach lena mbaineann. Is dul chun cinn é sin i gcomparáid le clárthréimhse 2014-2020[68], nuair nach raibh ach acmhainneacht leordhóthanach riaracháin ag teastáil ón réamhchoinníoll ábhartha (coinníollacht *ex ante*) chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, agus nár sheiceáil an Coimisiún ach go raibh na réamhchoinníollacha comhlíonta ag tús na clárthréimhse.

**81** Thugamar faoi deara, áfach, go raibh measúnú an Choimisiúin ar chomhlíonadh HEC teoranta do sheiceáil féachaint an leagtar amach cuspóirí intomhaiste sna straitéisí náisiúnta nó sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta. Níl oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na cuspóirí á mbaint amach iarbhír. Ciallaíonn sé sin gur ceanglas riaracháin é an HEC sin chun cistiú ón Aontas a fháil seachas uirlis chun a áirithiú go ndíreofar an cistiú ar bhealach níos fearr.

**Ní chuirtear ach fócas teoranta ar dhaoine faoi mhíchumas i moltaí an tSeimeastair Eorpaigh**

**82** Leis na rialacha do chlárthréimhse 2021-2027[69], ceanglaítear ar na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do na dúshláin a sainaithníodh tríd an Seimeastar Eorpach agus acmhainní a leithdháileadh ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Tá an ceanglas sin teoranta, áfach, maidir le bearta a chistiú chun tacú le daoine faoi mhíchumas san Aontas.

**83** Léirigh ár n-anailís nár luadh daoine faoi mhíchumas ach faoi dhó sa teachtaireacht maidir le Seimeastar Eorpach 2022 — Pacáiste an Earraigh, uair amháin i gcomhthéacs grúpaí a raibh tionchar díréireach ag COVID-19 orthu agus uair amháin i gcomhthéacs rannpháirtíocht mhéadaithe i margadh an tsaothair. Ní raibh tagairt shainráite in aon cheann de mholtaí tírshonracha 2020 ná 2022 a ceapadh tríd an Seimeastar Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, d'ainneoin thionchar díréireach COVID-19 ar an ngrúpa sin. Níor thagair moltaí tírshonracha 2020 do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste (lena bhféadfaí daoine faoi mhíchumas a áireamh). Ní bhfuair ach ceithre Bhallstát moladh maidir le grúpaí faoi mhíbhuntáiste trí mholtaí tír-shonracha 2022. Ag an am céanna, fuair 26 as 27 Ballstát moladh comhionann maidir le grúpaí leochaileacha i ndáil le hardú praghsanna fuinnimh.

---

[68] **Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013**.

[69] **Rialachán (AE) 2021/1057**.

**84** Fuarthas amach freisin san anailís a rinneamar go raibh claonadh ann go raibh tagairtí do dhaoine faoi mhíchumas sna tuarascálacha tíre an-leathan agus an-ghinearálta, ag tagairt, mar shampla, don bhearna fostaíochta faoi mhíchumas nó do bhaol na bochtaineachta agus don ghá le gníomhaíocht. Rinneadh tagairt sna cláir náisiúnta um athchóiriú sna ceithre Bhallstát ar tugadh cuairt orthu do ghníomhaíochtaí atá beartaithe chun feabhas a chur ar staid daoine faoi mhíchumas, ach ar leibhéil éagsúla. Bhí tagairtí do dhaoine faoi mhíchumas sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta agus i ndréachtchláir na gceithre Bhallstát ar thugamar cuairt orthu i gcomhréir, tríd is tríd, leis na saincheisteanna a sainaithníodh tríd an Seimeastar Eorpach. Ós rud é gurbh amhlaidh an cás, thagair barúlacha an Choimisiúin maidir le comhaontuithe comhpháirtíochta agus cláir 2021-2027 go príomha do phrionsabail chothrománacha an neamh-idirdhealaithe agus na hinrochtaineachta a chur san áireamh.

**85** Do chlárthréimhse 2021-2027, as na ceithre Bhallstát ar tugadh cuairt orthu le linn na hiniúchóireachta, níor chuir ach an Rómáin tosaíocht thiomnaithe san áireamh do dhaoine faoi mhíchumas. Díríonn na gníomhaíochtaí a leagtar amach ina dhréachtchlár 2021-2027 'Cuimsiú' den chuid is mó ar fheabhas a chur ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, chomh maith le teicneolaíochtaí cúnta, seirbhísí cinnteoireachta, agus gníomhaíochtaí fostaíochta. Sa tSualainn, díríonn clár náisiúnta CSE+ ar chuardaitheoirí nach féidir leo rochtain a fháil go héasca ar mhargadh an tsaothair, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Leanfaidh an Ísiltír agus an Spáinn araon de bhearta a chur chun feidhme chun tacú le daoine faoi mhíchumas atá cosúil leo sin ó chlárthréimhse 2014-2020.

# Conclúidí agus moltaí

**86** Ar an iomlán, tagaimid ar an gconclúid go bhfuil tionchar praiticiúil ghníomhaíocht an Aontais ar chás na ndaoine faoi mhíchumas sna Ballstáit teoranta. Le blianta beaga anuas, níl feabhas tagtha ar fud an Aontais ar an mbearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas ná ar bhochtaineacht daoine faoi mhíchumas, ar dhá phríomhtháscaire comhionannais atá ar fáil ar leibhéal an Aontais.

**87** A mhéid a bhaineann leis na sonraí atá ar fáil maidir le daoine faoi mhíchumas, shainaithníomar na difríochtaí sna critéir a úsáideann na Ballstáit (agus na réigiúin) éagsúla chun stádas míchumais a mheasúnú mar phríomh-shaincheist, rud a chuireann cosc ar an gCoimisiún forléargas fónta a bheith aige (féach mír ***26***).

**88** Braitheann an measúnú ar mhíchumas ar léirmhíniú agus ar chur i bhfeidhm na gcritéar ag údaráis lárnacha nó dhíláraithe sna Ballstáit. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, is ar shuirbhéanna ina ndearbhaíonn na rannpháirtithe a stádas míchumais féin atá an t-aon tacar sonraí inchomparáide maidir le cás daoine faoi mhíchumas bunaithe. Shainaithníomar easnaimh sna suirbhéanna sin i dtaca le gráinneacht, cumhdach agus minicíocht. Dá bhrí sin, ní féidir i gcónaí na sonraí sin a réiteach leis na sonraí riaracháin arna dtiomsú ag na Ballstáit, rud a fhágann gur deacair comparáidí trastíre a dhéanamh san Aontas. D’fhéadfadh na difríochtaí sin sna sonraí an bonn a bhaint d’aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais ar fud an Aontais. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh ualach riaracháin níos mó a bheith ar náisiúnaigh an Bhallstáit sin agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile nó ag bogadh le haghaidh oibre, staidéir nó ar chúiseanna eile. Tá beartas an Aontais sa réimse sin leagtha amach ag an gCoimisiún d’fhonn cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint. Tá faisnéis ardcháilíochta agus inchomparáide ó na Ballstáit ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar bheartas an Aontais lena n-áirithítear cearta comhionanna do dhaoine faoi mhíchumas (féach míreanna ***26***-***34***). Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfar an méid seo a leanas:

## Moladh 1 — Níos mó sonraí inchomparáide a fháil ar fud an Aontais

Ba cheart don Choimisiún sonraí níos inchomparáide a fháil maidir le cás daoine faoi mhíchumas ó thaobh an leibhéil clúdaigh, gráinneachta agus minicíochta mar bhunús amháin chun tionchar agus éifeachtacht bheartas an Aontais a thomhas, arb é is aidhm dó cearta comhionanna a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: faoi dheireadh 2025.**

**89** In 2010, sheol an Coimisiún Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020 arb é is aidhm di cuimsiú sóisialta agus folláine daoine faoi mhíchumas a fheabhsú agus cur ar a gcumas a gcearta a fheidhmiú go hiomlán. Leis an straitéis sin, aistríodh cuid d'fhorálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas isteach i gcomhthéacs an Aontais agus cuireadh gníomhaíochtaí chun cinn ann chun tacú le daoine faoi mhíchumas in ocht réimse tosaíochta: inrochtaineacht, rannpháirtíocht, comhionannas, fostaíocht, oideachas, cosaint shóisialta, sláinte agus gníomhaíocht sheachtrach (féach mír ***40***).

**90** Tugtar aghaidh i Straitéis an Aontais Eorpaigh um Míchumas 2021-2030 ar fhormhór na n-easnamh sa straitéis roimhe seo. Fuaireamar amach go raibh sé i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus n-ionchorpraítear gníomhaíochtaí nua ann, lena n-áirítear seacht dtionscnamh shuaitheanta. Ní shonraítear dáta críochnaithe ach do leath de na gníomhaíochtaí, áfach, rud a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar fhaireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme iarbhír. Ina theannta sin, tá príomh-shaincheisteanna atá faoi shainchúram an Choimisiúin go páirteach ar a laghad fós gan réiteach. Tá an nasc idir Straitéis 2021-2030 agus cistiú an Aontais fós lag, agus níl athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún go fóill ar reachtaíocht ábhartha uile an Aontais chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chomhlíonann sé an Coinbhinsiún. Tá an moilliú ar an Treoir maidir le Cóir Chomhionann agus trasuí mall na hIonstraime Eorpaí Inrochtaineachta sna Ballstáit ag cur bac ar an dul chun cinn maidir le príomheilimintí Straitéis 2021-2030 a sheachadadh (féach míreanna ***41***-***50***). Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfar an méid seo a leanas:

## Moladh 2 — Dul chun cinn a dhéanamh maidir le reachtaíocht ábhartha an Aontais a athbhreithniú agus a ghlacadh chun comhlíonadh an Choinbhinsiúin a áirithiú

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) Athbhreithniú a dhéanamh, de réir a chéile, ar reachtaíocht an Aontais atá ábhartha do Straitéis 2021-2030 chun measúnú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann sé an Coinbhinsiún; agus

(b) bearta iomchuí a dhéanamh tacú leis an gComhairle maidir leis an Treoir um Chóir Chomhionann a ghlacadh.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: faoi dheireadh 2030 (deireadh na straitéise reatha) don athbhreithniú ar reachtaíocht ábhartha an Aontais a mhéid a bhaineann leis an gCoinbhinsiún; agus faoi dheireadh 2024 do na bearta a bhaineann leis an Treoir maidir le Cóir Chomhionann a ghlacadh.**

**91** D’fhonn cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas, fógraíodh i Straitéis 2021-2030 roinnt beart faoin bPacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas, ach ní féidir measúnú a dhéanamh ar an tionchar go fóill. Ina theannta sin, mar chéim i dtreo aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais ar fud an Aontais, moltar i Straitéis 2021-2030 Cárta Míchumais Eorpach a thabhairt isteach. Beidh a éifeachtacht ag brath ar an raon feidhme a shaineofar, áfach. Chuirfeadh aitheantas frithpháirteach an stádais míchumais le gluaiseacht shaor ó bhacainní do dhaoine faoi mhíchumas ar fud an Aontais (féach míreanna ***52***-***60***). Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfar an méid seo a leanas:

## Moladh 3 — Oibriú i dtreo aitheantas frithpháirteach a thabhairt don stádas míchumais

Ba cheart don Choimisiún oibriú leis na Ballstáit chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt don stádas míchumais san Aontas (le haghaidh tréimhsí gearra i mBallstáit an Aontais), agus prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta á n-urramú.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: faoi dheireadh 2025.**

**92** Tá gealltanas uaillmhianach tugtha ag an gCoimisiún ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla maidir le hinrochtaineacht agus fostaíocht daoine faoi mhíchumas. D’iarr sí ar institiúidí eile de chuid an Aontais iarrachtaí comhchosúla a dhéanamh. Go dtí seo, áfach, ní fhágann na sonraí atá ar fáil gur féidir a mheasúnú an bhfuil a n-uaillmhianta bainte amach ag institiúidí an Aontais maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú ina lucht saothair (féach míreanna ***61***-***69***). Dá bhrí sin, molaimid go ndéanfar an méid seo a leanas:

## Moladh 4 — An dul chun cinn i dtreo daoine faoi mhíchumas a fhostú in institiúidí an Aontais a thomhas agus a thuairisciú

Ba cheart d'institiúidí an Aontais dea-shampla a thabhairt agus:

(a) an dul chun cinn i dtreo daoine faoi mhíchumas a chuimsiú ina lucht saothair a thomhas; agus

(b) tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn go rialta (b'fhearr dá ndéanfaí gach dhá bhliain é) agus lánurraim á tabhairt do na rialacha maidir le cosaint sonraí, trína sonraí féin a chur i gcomparáid le faisnéis inchomparáide ar leibhéal an Aontais, agus, nuair is féidir, ar leibhéal an Bhallstáit freisin.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: faoi dheireadh 2025.**

**93** Ní dhéantar foráil i gcreat cistiúcháin an Aontais do 2014-2020, ná an ceann do 2021-2027, do chatagóir thiomnaithe caiteachais a bhaineann le tacaíocht do dhaoine faoi mhíchumas. Ciallaíonn sé sin freisin nach bhfuil creat faireacháin an Choimisiúin ceaptha chun faisnéis a chur ar fáil maidir lena mhéid a chuidíonn maoiniú ón Aontas le staid daoine faoi mhíchumas a fheabhsú. Idir an dá linn, don dá thréimhse a chlúdaítear san iniúchadh seo, foráiltear le reachtaíocht an Aontais do chomhtháscaire aschuir a thagraíonn do 'rannpháirtithe faoi mhíchumas'. Níl aon chomhtháscaire toraidh ann, áfach, a léireodh an chaoi ar chuir cistiú ón Aontas feabhas ar chás daoine faoi mhíchumas (féach míreanna *71*-*77*).

**94** Nuair atá cistí bheartas comhtháthaithe 2021-2027 á gclársceidealú, ní mór do na Ballstáit ceanglais a chomhlíonadh amhail an coinníoll cumasúcháin cothrománach maidir leis an gCoinbhinsiún a chur chun feidhme agus moltaí ón Seimeastar Eorpach. Fuaireamar amach go bhféadfadh tionchar teoranta a bheith ag an dá uirlis ó thaobh cistiú ón Aontas a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr a mhéid a bhaineann le riachtanais daoine faoi mhíchumas sna Ballstáit ar tugadh cuairt orthu toisc nach bhfuil dóthain béime orthu (féach míreanna *78*-*85*).

Ghlac Seomra II, faoi cheannas Annemie Turtelboom, Comhalta den Chúirt Iniúchóirí, an Tuarascáil seo i Lucsamburg ag cruinniú a bhí aige an 28 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*Uachtarán*

# Iarscríbhinn

## Tionscnaimh shuaitheanta i Straitéis 2021-2030 agus a stádas

| | Tionscnamh suaitheanta | Uainiú | Stádas |
|---|---|---|---|
| 1 | Ionad acmhainní Eorpach – AccessibleEU – a sheoladh chun comhleanúnachas sna beartais inrochtaineachta a mhéadú agus chun rochtain ar eolas ábhartha a éascú. | 2022 | Tá an conradh sínithe ag an gCoimisiún d'ionad AccessibleEU, a bhfuil tús curtha aige leis an obair ullmhúcháin agus a bhfuil roinnt cur i láthair agus imeacht eagraithe aige.<br><br>Tá an Coimisiún ag dul i gcomhairle freisin maidir le dréacht-sainordú um chaighdeánú chun caighdeáin a fhorbairt le haghaidh táirgí agus seirbhísí chun an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta a chur chun feidhme. |
| 2 | Moladh a thabhairt go gcruthófaí Cárta Eorpach Míchumais d'fhonn go n-aithneofaí é i ngach Ballstát. | 2023 | Tá tús curtha ag an gCoimisiún le plé maidir leis an tsaincheist sin leis na Ballstáit agus le heagraíochtaí na sochaí sibhialta.<br><br>Cuireadh an ghníomhaíocht sin san áireamh i gClár Oibre 2023 an Choimisiúin mar thogra reachtach. |
| 3 | Treoraíocht a eisiúint do na Ballstáit ina moltar feabhsuithe a dhéanamh maidir le maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa phobal. | 2023 | Tá obair ullmhúcháin á déanamh ag an gCoimisiún, lena n-áirítear comhairliúchán leis na Ballstáit agus leis na heagraíochtaí ábhartha a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas. |
| 4 | Creat Cáilíochta Eorpach do Sheirbhísí Sóisialta Barr Feabhais a eisiúint do dhaoine faoi mhíchumas. | 2024 | Le tosú. |

| | Tionscnamh suaitheanta | Uainiú | Stádas |
|---|---|---|---|
| 5 | Pacáiste a thíolacadh chun torthaí mhargadh an tsaothair a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas, lena dtacófar leis na Ballstáit na Treoirlínte Fostaíochta a chur chun feidhme tríd an Seimeastar Eorpach. | 2022 | Críochnaithe. Foilsíodh an Pacáiste Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas. |
| 6 | An tArdán Míchumais a bhunú, le rannpháirtíocht na bpointí fócasacha náisiúnta, na n-eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus an Choimisiúin, chun tacú le cur chun feidhme Straitéis 2021-2030 chomh maith le straitéisí náisiúnta um míchumas. | 2021 | Críochnaithe. Cruthaíodh an tArdán Míchumais i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus bhí a chéad chruinniú ann ar an 15 Nollaig 2021. |
| 7 | Straitéis athnuaite Acmhainní Daonna a ghlacadh don Choimisiún, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun éagsúlacht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. | 2022 | Críochnaithe. Foilsíodh an straitéis i mí Aibreáin 2022. |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chreat faireacháin an Choimisiúin.

# Giorrúcháin

**CRII/CRII+:** An Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas

**CSE:** Ciste Sóisialta na hEorpa

**CSE+:** Ciste Sóisialta na hEorpa Plus

**EDF:** An Fóram Eorpach maidir leis an Míchumas

**EPSO:** An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne

**Eurofound:** An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

**FRA:** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha

**HEC:** Coinníoll cumasúcháin cothrománach

**MTS:** Moladh tírshonrach

**REACT-EU:** Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa

# Gluais

**An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú:** Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh a chuireann faisnéis, comhairle agus saineolas ar fáil maidir le saincheisteanna sóisialta, fostaíochta agus oibre.

**An Seimeastar Eorpach:** Timthriall bliantúil a chuireann creat ar fáil maidir le comhordú bheartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais agus maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.

**Clár oibríochtúil:** An creat maidir le tionscadail chomhtháthaithe atá cistithe ag an Aontas a chur chun feidhme, ina léirítear na tosaíochtaí agus cuspóirí a leagtar síos i gcomhaontuithe comhpháirtíochta idir an Coimisiún agus Ballstáit aonair.

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas:** In 2007, shínigh an tAontas an Coinbhinsiún agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2011. Ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí is ea an Coinbhinsiún lena leagtar síos caighdeáin íosta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas. Tá 22 as na 27 mBallstát tar éis an Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a dhaingniú freisin, lena mbunaítear sásra aonair um ghearáin. Níor dhaingnigh an tAontas Eorpach é.

**Colún Eorpach na gCeart Sóisialta:** Creat chun cearta sóisialta nua agus níos éifeachtaí a thabhairt i gcrích do shaoránaigh an Aontais.

**Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha:** Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh a chosnaíonn na cearta, na luachanna agus na saoirsí atá cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

**Moltaí tírshonracha:** Treoraíocht bhliantúil a eisíonn an Coimisiún, mar chuid den Seimeastar Eorpach, chuig Ballstáit aonair maidir lena mbeartais mhaicreacnamaíocha, bhuiséadacha agus struchtúracha.

**Slánú:** An próiseas chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas scileanna agus feidhmiú don saol laethúil a fhoghlaim nó a fheabhsú.

**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe:** In 2015, ghlac na Náisiúin Aontaithe Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a dhaingnigh Ballstáit uile an Aontais ina dhiaidh sin. Luaitear daoine faoi mhíchumas go sainráite sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (sprioc 4 maidir le hoideachas, sprioc 8 maidir le fás agus fostaíocht, sprioc 10 maidir le comhionannas, sprioc 11 maidir le hinrochtaineacht lonnaíochtaí daonna agus sprioc 17 maidir le bailiú sonraí). Tagraíonn spriocanna eile do dhaoine atá i staideanna leochaileacha, coincheap lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

**Táscaire aschuir:** Athróg intomhaiste lena gcuirtear faisnéis ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar tháirgí nó ar ghnóthachtálacha tionscadail.

**Táscaire toraidh:** Luachanna arna n-úsáid chun tomhas a dhéanamh ar na torthaí arna nginiúint ag tionscadail a fhaigheann tacaíocht, nó ar na torthaí a baineadh amach ar leibhéal an chláir oibríochtúil.

# Freagraí ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ón gCoimisiún Eorpach agus ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-20

# Tráthchlár

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-20

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireacht II – Infheistíocht maidir le comhtháthú, fás agus cuimsiú, atá faoi cheannas Annemie Turtelboom (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Stef Blok (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Johan Adriaan Lok (Ceann na hOifige Príobháidí), Laurence Szwajkajzer (Ataisé na hOifige Príobháidí), Pietro Puricella agus Maria Eulàlia Reverté I Casas (Príomhbhainisteoirí), Aleksandra Klis-Lemieszonek (Ceann Cúraim); Luis de la Fuente Layos (Leascheann Cúraim) agus Marjeta Leskovar agus Nils Odins (Iniúchóirí). Thug Iulia-Mihaela Vlădoianu agus Zoe Dennis tacaíocht teanga. Thug Olga Ioannidou (Oifigeach Éagsúlachta agus Cuimsithe na Cúirte) tacaíocht maidir le cúrsaí comhionannais agus cuimsithe.




*Ó chlé:* Iulia-Mihaela Vlădoianu, Luis de la Fuente Layos, Laurence Szwajkajzer, Johan Adriaan Lok, Aleksandra Klis-Lemieszonek, Stef Blok, Maria Eulàlia Reverté I Casas, Pietro Puricella, Marjeta Leskovar.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i **gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa** maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi **cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0)**. Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d’fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D’fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-0687-1 | ISSN 2529-3370 | doi: 10.2865/721236 | QJ-AB-23-020-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-0259-0 | ISSN 2529-3370 | doi: 10.2865/058739 | QJ-AB-23-020-GA-N |

Tá míchumas féindearbhaithe ag thart ar an gceathrú cuid de shaoránaigh an Aontais. Chun cuidiú leis na Ballstáit tacaíocht a thabhairt, tá straitéisí um míchumas glactha ag an Aontas. Rinneamar measúnú féachaint an raibh gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an gCoimisiún chun tacú le daoine faoi mhíchumas. Bhí tionchar ghníomhaíocht an Aontais sa réimse seo teoranta agus níl feabhas suntasach tagtha ar na príomhtháscairí. Tá na critéir maidir le stádas míchumais éagsúil ar fud na mBallstát agus níl na sonraí staidrimh inchomparáide, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'aitheantas frithpháirteach. Socraítear cuspóirí i Straitéis 2021-2030, ach tá roinnt saincheisteanna fós gan réiteach agus ní léiríonn an córas faireacháin atá ar bun conas a chuidíonn cistiú ón Aontas chun feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas. Molaimid don Choimisiún sonraí níos inchomparáide a fháil, oibriú i dtreo aitheantais fhrithpháirtigh do stádas míchumais agus athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais chun measúnú a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann sé Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas. Molaimid freisin go ndéanfadh institiúidí an Aontais a ndul chun cinn i dtreo daoine faoi mhíchumas a chuimsiú ina lucht saothair a thomhas.

Tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors